

Biseach 2005



**Iris Chumann Forbartha
Chois Fharraige**

COMÓRÁD AN ÉALÓNAIS
TAOBH ISTIIS

€5.00



CÉ THÚ FÉIN?



pobal




forbairt



teanga

cultúr



**ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge**



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal

Is fiú go mór duit a bheith i do bhall

- Ráta iomaíoch úis ar iasachtaí bíodh siad beag nó mór
- Gan costas ná táille á ghearradh ar na seirbhísí
- Rátaí tarraingteacha ar do choigilteas
- Clúdach árachais saoil saor in aisce ar d'iasachtaí

Tar isteach agus labhair linn ag aon am, beidh fáilte romhat.

Bíonn muid ar oscailt ar na laethanta seo a leanas

	Oifig an Chnoic	Tír an Fhia
Dé Luain	10.30 – 4.00	
Dé Máirt	10.30 – 4.00	
Déardaoin	10.30 – 5.00	
Dé hAoine	10.30 – 5.00	12.30 – 1.30
Dé Sathairn	9.30 – 2.30	

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

Bíonn oifig Thír an Fhia oscailte ar an Aoine, óna 12.30 i.n. go dtí 1.30 i.n.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



BISEACH

Iris Chuuman Forbartha Chois Fharraige

2005

Eagarfhocal

Tá seanhfocal Síneach ann a deir, “go mairfidh tú i laethanta suimiúla”. Is cinnte go bhfuilimid ag maireachtáil i laethanta den chineál sin faoi láthair agus go mbeidh tionchar tairbheach acu ar an saol i gceantar Chois Fharraige amach anseo, ach na deiseanna a chuireann siad ar fáil a thapú anois. Níor thárla an oiread bogadh riamh i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta is atá tarlaithe le breis agus bliain:

Acht na dTeangacha Oifigiúla;
An tOrdú Logainmneacha Gaeltachta;
Ról na Gaeilge láidrithe sa gcóras pleanála
Ollscolaíocht ar fáil sa nGaeltacht;
Bord agus Príomhfheidhmeannach nua ar
Údarás na Gaeltachta;
Neamhspleáchas geallta do TG4;
Raidió na Gaeltachta ag tabhairt leo duaiseanna
idirnáisiúnta;
An Ghaeilge aitheanta mar theanga oifigiúil san
Aontas Eorpach;
agus tuilleadh nach iad.

Déarfadh daoine, “nach fada gur thárla siad”, agus b’fhéidir go bhfuil an ceart acu ach ní tharlódh tada gan an fhís a bhí ag daoine ón bparóiste seo agus ó pharóistí eile ar fud na nGaeltachtaí. Níl dearmad le déanamh ar na heagrais Stáit ná ar na hAirí Gaeltachta a bhí agus atá ag obair go dícheallach ar mhaithe leis an nGaeltacht. Ach thar aon rud eile, níl dearmad le déanamh ar an ról dearfach a bhí agus atá ag na cumainn áitiúla i fhorbairt agus i gcur chun cinn a gceantar fhéin.

Beidh Cumann Forbartha Chois Fharraige ar an bhfód dhá scór bliain an bhliain seo chugainn agus is é a fhís agus a aidhm:

“Ceantar Chois Fharraige a fhorbairt le nasc na Gaeilge d’fhonn an pobal láidir Gaeltachta seo a dhaingniú, a neartú, agus a bhuanú, eacnamaíocht, cultúr agus an saol sóisialta san áireamh”

Cé gur féidir leis an bhfís sin a bheith greanta i gcloch ní féidir an rud céanna a dhéanamh leis an aeráid ina bhfeidhmíonn sí. Mar sin beidh dúshlán nua amach romhainn i gcónaí agus beidh smaointe agus fuil nua ag teastáil chun dul i gcleo leo. Má tá tusa ag iarraidh go mbeadh muid fós ag maireachtáil i laethanta suimiúla faoi cheann dhá scór bliain eile “Glac Páirt”. Tá do chúnamh ag teastáil ó chumann nó ó choiste éigin. Ní bheidh aon phinsean as an obair, ach is féidir léi a bheith an-suimiúil.

CLÁR

Ábhar	Lch.
Máirtín Mór Ó Cadhain	1
Fís Phóil	9
I mBróga Frodo	14
Acadamh na hOllscolaíochta	16
Scríbhneoirí	18
Tionscnamh Teanga	19
Ar Scoil san India	20
Ionad Tacaíochta Teaghlaigh	23
An Coimisinéir Teanga	24
Pastime Chonamar	26
Cumann Drámaíochta Chois Fharraige	28
Coláiste Chamuis	31
Ócáid Oidhreachta	33
Coláiste Lurgan	34
Capaillíní Chonamara	36
Ceiliúradh Órga	38
Líadan	40
Imeachtaí sa Seanscoil	41
An Club Óige	42
Mol an Óige	44
Coláiste Cholm Cille	46
Eachtraí Náisiúnta	48
Cumann Micheál Breathnach	49
Forbairt Scoil Sailearna	57
An Cumann Forbartha	58
Seantithe	62

In eagar ag Gaelscript Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-505555
Priontáil: Clódóirí Lurgan Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-593251

Clúdach tosaigh: Eala bhán ar Loch Chearra, samhradh 2005, agus Eala na Gaeilge, Máirtín Ó Cadhain (1906-1970).



Máirtín Mór Ó Cadhain

Gearóid Denvir

Uair sa gcéad a thagas mórscribhneoir chun cinn i dteanga ar bith, mór ná mion. Ba den mhianach sin príomhéigeas Chois Fharraige, Máirtín Ó Cadhain, gan aon cheist. Pearsa mhór mhillteach le rá a bhí ann lena linn féin, agus d'oibrigh sé tionchar thar na bearta ar réimsí éagsúla d'Éirinn a aimsire féin. Bhí sé gan amhras ar bith ar dhuine de mhórscribhneoirí an fichiú haois sa tír seo, agus dá scríobhadh sé i mBéarla Yeats, Joyce, Synge, Friel, Heaney agus a leithéidí, bheadh tionscal bisiúil liteartha mar chrois den ghlaschloch os a chionn, agus ollúna agus lucht adhartha ó na ceithre harda ar oilithreacht bhliantúil chuig a ionad comórtha agus cuimhneacháin ar an gCnocán Glas.

An té ar mhian leis Máirtín Ó Cadhain a thuiscint níorbh fholáir dó tosú, dar liom, leis an méid seo. Fear Gaeltachta ab ea Ó Cadhain. Mar fhear Gaeltachta, nó mar Ghaeilgeoir de chuid na cosmhuintire, a ghníomhaigh sé go poiblí i gcaitheamh a shaoil, ó thosaigh sé mar mhúinteoir óg i Scoil Náisiúnta Chamais i 1926 nó gur éag sé i mBaile Átha Cliath i 1970. Bhí baint lárnach aige le cumainn agus le gluaiseachtaí go leor ó Mhuintir na Gaeltachta, grúpa raidiciúil a bunaíodh i gConamara i 1933 chun talamh maith a bhaint amach do ghnáthbhunadh na Gaeltachta, agus arb é toradh a gcuid oibre bunú Ghaeltacht Rath Cairn i 1935, anuas go dtí feachtas Chearta Sibhialta na Gaeltachta i 1969 go gairid roimh a bhás. Agus an méid sin ainneoin go raibh bunáite a shaoil (ó 1936 go dtí lá a bháis) caite aige san



Máirtín agus bhean chéile, Máirín Ní Rodaigh

ardchathair ar imirce óna cheantar dúchais.

Ba í an Ghaeltacht a mhúnlaigh a fhealsúnacht saoil, an chruinneshamhail sin a d'fhorbair sé i gcaitheamh a shaoil agus a nocht sé ina shaothar uilig, idir shaothar a phinn agus an saothrú a rinne sé san iliomad gluaiseachtaí, cumann, feachtas agus agóidí. Níorbh aon Tír na hÓige aige an Áit Thiar, áfach, murab ionann agus dearcadh chuid de mhuintir ghluaiseacht oifigiúil na Gaeilge. Ba mhór idir Gaeltacht Uí Chadhain agus 'saol aoibhinn na tuaithe a léiríos colúnóirí páipéir nuaíochta nár oibrigh riamh seachtain ar fheilm,' mar a scríobh sé i léirmheas moltach ar *Tarry Flynn* le Patrick Kavanagh i 1949, an bhliain chéanna ar bhuail sé féin cniogbhuille ar íomhá rómánsúil sin na Gaeltachta idéalai le foilsíú *Cré na Cille*.

Chreid Ó Cadhain i gcaitheamh a shaoil go raibh an Ghaeltacht ar an dé deiridh, ‘fighting—or rather perishing—in its last ratholes’ mar a scríobh sé in alt san *Irish Times* i 1953, de dheasca tosaí eacnamaíocha agus cultúrtha nach raibh aon neart ag mhuintir na Gaeltachta orthu. Leagadh sé béim i gcónaí ar dhignit agus ar fhiúntas daonna an ghnáth-dhuine thiar, an Gaeilgeoir-democrat mar a thugadh sé air, an mianach dar de é féin, rud nár lig sé i ndearmad riamh. Thagraíodh sé go rialta, go háirithe sa pháipéar sóisialach Gaeltachta, *An tÉireannach*, sna tríochaidí agus ina cholún ‘Caiscín’ san *Irish Times* sna ceathrachaidí, don imirce a bhí ag bánú na Gaeltachta, agus dhearbhaíodh nach déirc díomhaointis ach cearta bunúsacha, fearacht chuile dhuine eile ar fud na tíre, a bhí ó mhuintir na Gaeltachta lena ndroch-chás a réiteach. Níorbh fhéidir talamh a thabhairt do chuile dhuine agus ar an ábhar sin níorbh fholáir forbairt chiallmhar tionsclaíochta a dhéanamh bunaithe ar acmhainní nádúrtha agus ar dhúchas an cheantair—machnamh ceannródaíoch an uair sin a réitíós, ar ndóigh, le dearcadh an lae inniu. Buncheart eile a d’éilíodh sé go rialta do mhuintir na Gaeltachta (agus a thuigfeadh pobal Gaeltachta an lae inniu freisin) ná oideachas ar fónamh ina dteanga féin a bheadh bunaithe ar riachtanais fhírinneacha na gnáthmhuintire seachas, mar a d’áitigh sé san *Irish Times* i 1953, ‘fóint, úsáideachas, eolas lena saothraíonn muid ár mbeatha’ amháin.

Níl aon amhras faoi ach gurbh í an Ghaeilge féin ‘an fórsa diamhair a thiomáin chun cinn é’, mar a scríobh a dhlúthchara, Breandán Ó hEithir, in *Thar Ghealchathair Soir*. Ba í bunchloch a fhéiniúlachta, a shainiúlachta, a dhaonnachta fiú í. Dhearbhaigh sé go neamhbhalbh i 1960: ‘An Ghaeilge amháin an t-aon

gheis a mhothaím orm féin mar Éireannach leis na blianta.’ Bhíodh sé anonn is anall de shíor idir dóchas agus dubh-éadóchas maidir le staid agus todhchaí na teanga ar feadh a shaoil. Deireadh sé go rialta go raibh an Ghaeilge básaithe, ach ina dhiaidh sin is uile, rinne sé troid saoil in aghaidh bhás sin na teanga le chuile smaoineamh, briathar agus gníomh dá raibh ar a chumas. Dúshlán báis a bhí ina shaothar cruthaitheach a scríobh sé i nGaeilge amháin, agus nach bhfaca domhan na Gaeilge a leithéid ina réimse ná ina chumas teanga ón uair a raibh an tír fré chéile ina Gaeltacht.

Ainneoin a chuid gníomhaíochta ar fad i gcúrsaí polaitíochta agus teanga, áfach, is mar scríbhneoir is mó atá, agus a bheas aithne ar Mháirtín Ó Cadhain. Deireadh sé féin i gcónaí go raibh sé ag scríobh ar easpa traidisiúin ar leibhéal amháin, agus gurbh í an chaint, an teanga féin, a fuair sé le hoidhreacht an uirnis liteartha ab fhearr a fuair sé óna mhuintir. Ní miste a mheabhrú gur tháinig sé i seilbh ar an oidhreacht dúchais sin i dtaobh athar agus máthar,

arae bhí eolas maith ag a thuismitheoirí, Seán Ó Cadhain as an gCnocán Glas agus Bríd Óg Nic Conaola as Seanadh Gharráin, ar an traidisiún agus teach cuartaíochta agus áirneáin a bhí acu sa gCnocán Glas. Ach ní hí ‘caint na muintire’ ná ‘caint na ndaoine’ a scríobh sé. Shaothraigh sé an chaint sin i gcaitheamh a shaoil agus tharraing ar na foinsí dúchais uilig ó litríocht na Sean-Ghaeilge anuas go dtí litríocht bhéil na Gaeltachta lena linn féin. Ina theannta sin, chuir sé de bhiseach ar oidhreacht sin an dúchais go mba Eorpach go smior



Máirtín ina óige



Ba mhór againn aon eolas a bheadh ar fáil faoin ngrúpa thuas ina bhfuil Máirtín (ciorcalaithe) ar an líne cúil. Cuir nóta chuig An Rúnaí, Cumann Forbartha Chois Fharraige, Indreabhán, Co. na Gaillimhe



Micheál Ó hAodha, a bhí ina Uachtarán ar Chumann Merriman ag an am, agus Máirtín

é ó thaobh smaointeoireachta, dearcadh agus cumais de, agus níor dheoranta an tsamhail í a shaothar a chur i gcomórtas le cuid de mháistrí móra nualitríocht na hEorpa—Kafka, Dostoevsky, Camus agus a leithéidí.

Tá bunáite na léirmheastóirí ar aon intinn faoi na lochtanna atá ar shaothar luath Uí Chadhain, go háirithe sa chéad dá chnuasach gearrscéalta, *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939) agus *An Braon Broghach* (1948). Déantar an reacaireacht sna cnuasaigh seo cuid mhaith de réir mhodhanna traidisiúnta Gaelacha na litríochta réigiúnaí agus litríocht na hAthbheochana a bhí faoi rath agus meas ag an am. Is geall le hachóimre ar shaol an duine sa chomhthionól fuinniúil fuinte, *local organic community* Eliot a dtráchtann Ó Cadhain féin air in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969), cuid mhaith de na scéalta seo. Tá lorg an nua-aoiseachais, maille leis an gcumas agus an tsamhlaíocht is dual don fhíorscríbhneoir, le sonrú i gcéaduair ar *Cré na Cille* (1949) agus *Cois Caoláire*

(1953), tréithe a dtiocfadh bláth chomh foirfe sin orthu sna cnuasaigh ghearrscéalta a foilsíodh ina dhiaidh sin, *An tSraith ar Lár* (1967), *An tSraith dhá Togáil* (1970), agus *An tStaithe Tógtha* (1977).

Bíodh is go raibh riar mhaith foilsithe roimhe aige, agus gur fhoilsigh sé go leor ina dhiaidh, ba *Cré na Cille* a d'fhógair go raibh mórthallann scríbhneora ag an gCadhnach agus a chinntigh go gcaithfí é a áireamh feasta i measc rí-éigis na tíre riamh anall. Insíonn an leabhar scéal Chaitríona Pháidín trí chomhráite idir coirp éagsúla i gcill éigin thiar, agus í féin nuachurtha ina measc i dtús an leabhair. Cuireann chuile chorp nua-adhlactha leis an scéal a shoilsíos an ghráin shíoraí sheasta a bhí ag Caitríona ar a deirfiúr, Neil, agus an choimhlint saoil a bhí aici léi d'fhonn a bheith cab os a cionn. Amharc grinn géar ar an taobh míthaitneamhach de shaol 'chomhthionól fuinniúil fuinte' Uí Chadhain agus ar a 'mionchúrsaí suaracha' atá san úrscéal neamhchoitianta seo. Is mór idir léargas Uí Chadhain ann agus an cineál saoil a gcuirtear síos air sa litríocht réigiúnach—i leithéidí *An t-Oileánach* agus *Peig*, mar shampla, gan trácht ar shaothar scríbhneoirí aniar mar Thomás Bairéad agus Pádraic Óg Ó Conaire. Is mór idir Caitríona Pháidín agus mná fadfhulangacha *An Braon Broghach*, agus is féidir forás Uí Chadhain mar scríbhneoir idir an saothar luath agus *Cré na Cille* a fheiceáil sa difríocht eatarthu. Aoir shóisialta ar mhóiréis agus ar ghailemaisíocht an duine atá sa leabhar agus is é a theachtairacht, b'fhéidir, go bhfuil an duine suarach gan mhaith, gur mar sin atá agus gur mar sin a bheas. Ní athrófar a nádúr agus leanfaidh an saol mar atá. Má tá léargas Uí Chadhain géar, áfach, ní fhágann sin nach bhfuil an leabhar thar a bheith barrúil, agus go deimhin féin, is iad an sainghreann Cadhnach agus



Máirtín ag fáil lámh chúnta agus é i mbun feachtais eile, seans. Aríst, aon tuairim agaibh cén áit nó cén uair a tógadh an pictiúr seo?



Ó chlé: Pádraic agus Máirtín Sheáin Uí Chadhain, Bid Johnny Mhaidhc, Bríd (Dolly) Johnny Mhaidhc, Johnny Mhaidhc Ó Cadhain, Michael Sheáin Uí Chadhain, ??, Máire Pheadairín Phádraic, agus Pádraic Johnny Mhaidhc. Ach cén t-ainm atá ar an leaid óg?

caint chréúil chraicneach an údair príomhbhuanna an tsaothair.

Ubh cuaiche ar bhealaí go leor é *Cré na Cille*, éacht aon uaire, curadhmhír nach ndrannfar leis arís, nach mbeidh a leithéid arís ann, i gcead don nathán seanchaite. Fearacht *Ulysses* le James Joyce, nó saothar ealaíne Phaul Henry, nó fuinneoga eaglasta Harry Clarke, nó ceol an Chearbhallánaigh, nó *Leabhar Cheanannais*, is **icon** cultúrtha náisiúnta Éireannach é *Cré na Cille*. Ní bhaineann sé le haois ná le ré ná fiú leis an gConamara a ndéantar cur síos air sa scéal. Is mó é ná é féin, ar bhealach. Is ráiteas fúinn ar fad é, faoin gcaoi a dtuigimid agus a samhlaímid muid féin mar dhaoine daonna faoi choinníoll áirithe sin na daonnachta is Éireannachas/Gaelachas ann. Déantar gaisce go minic as, agus cuid de sin go haineolach gan dabht. Fearacht *Ulysses*, deir daoine gur léigh siad é agus níor leag siad súil riamh ar shiolla de—ach ba mhaith leo go ndéanfaí talamh slán de gur léigh agus gur thuig siad é. Is cuid é dár gcomhfhios daonna mar Éireannaigh ar nós linn an Ghaeilge agus is údar ceiliúrtha dúinn go bhféadfadh a leithéid a bheith ann chor ar bith i mionteanga ar imeall thiar na hEorpa i saol seo na haonfhoirmeachta cultúir agus teanga. Trasnaíonn sé teorainneacha na seánraí liteartha agus na gcruthúnas cultúrtha arae níl a acmhainn

chruthaitheach teoranta don fhocal ar an leathanach. Fearacht na lámhscríbhinní fadó, léití amach os ard é i dtithe i gConamara tar éis a fhoilsithe. Craoladh ina dhráma raidió den scoth é ar Raidió na Gaeltachta, meán a d'fheil thar na bearta dó i ngeall ar a chuid fréamhacha sa litríocht bhéil, is dóigh. Léiríodh ina dhráma stáitse é nárbh fhéidir suíochán a fháil dó ar ór ná ar airgead faoi dhó féin i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Agus d'athchruthaigh sraith pictiúr a rinne an t-ealaíontóir Pádraig Ó Mathúna, agus atá ar crochadh in Áras na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, domhan dorcha na cille gona cholainneacha neamhaí nach fuil ná feoil iad, ach guthanna scréachacha ar geall le glór sí gaoithe iad.

Díol spéise é, dar liom, gur beag a scríobhadh i nGaeilge, agus go háirithe i gcúrsaí próis, in Iarthar Éireann le linn don Chadhnach a bheith i mbarr a ré, ó dheireadh na gceathrachadaí, abraimis, go dtí a bhás i 1970. Is iomaí cúis a d'fhéadfaí a lua leis an nganntan seo: córas oideachais a phlúch idir Ghaeilge agus chruthaitheacht; faillí i dteagasc na Gaeilge féin sa Ghaeltacht; easpa na forbartha sóisialta agus eacnamaíochta is gá le saol forásach a chur ar fáil do dhaoine d'fhonn a chur ar a gcumas dul i mbun pinn; an imirce agus cúlú na teanga féin; nó go deimhin éadóchas lucht na Gaeilge faoina dteanga mar fhriotail

feiliúnach don 20ú haois. Cúiseanna seachliteartha iad seo uilig agus b'fhurasta an díospóireacht a chur sa siúl.

D'fhéadfadh siocair eile ar fad a bheith leis an ngorta liteartha seo, mar atá, an tuiscint fho-chomhfhiosach go raibh gach a raibh le rá ráite chomh cumasach sin ag an gCadhach nárbh fhiú agus nárbh fhéidir teacht aniar ina dhiaidh. Díol suntais sa chomhthéacs seo an bláthú atá faoi chúrsaí litríochta de mhianach Ghaeltacht an Iarthair le tríocha bliain anuas agus Ó Cadhain ar lár. Is liosta le háireamh na húdair a chuir saothar próis ar fónamh ar fáil sa tréimhse iarchadhnach sin: Seán Ó Curraoin (mac deirfíre leis an gCadhach), Pádraig Breathnach, Dara Ó Conaola, Mícheál Ó Conghaile, Joe Steve Ó Neachtain le cuid an bheagáin a lua.

Forás suntasach eile le blianta beaga anuas is ea an borradh atá tagtha faoin tionscal Cadhnach le foilsiú leithéidí *Caiscín*: *Altanna san Irish Times 1953-56*, *Ó Cadhain i bhFeasta* agus *Caithfear Éisteacht: Aistí Mháirtín Uí Chadhain in Comhar*, bailiúcháin luachmhara d'aistí agus d'altanna a chonaic solas an lae cheana in irisí agus i nuachtáin ach nárbh fhurasta teacht orthu. Cuir leis an méid sin foilsiú na mbunsaothar dioscúrsúil faoi chúrsaí staire, polaitíochta agus teanga, *Tone Inné agus Inniu* agus *An*

Ghailge Bheo—Destined to Pass, maille le foilsiú an dá úrscéal iomráiteacha, *Athnuachan* agus *Barbed Wire*, a raibh béaloideas déanta le blianta acu agus gan iad faoi shúil an phobail beag ná mór, agus tá ar ár gcumas anois breithiúnas i bhfad níos cuimsithí agus

níos meáite a thabhairt ar an bhfear agus ar shaothar a shaoil. Tá beathaisnéis shubstaintiúil, dhúshlánach againn freisin ó láimh Aindriais Uí Chathasaigh, *Ag Samhlú Troda: Máirtín Ó Cadhain 1905-1970*.

Agus muid ag cur tús le comóradh céid bhreith Uí Chadhain, ní foláir an méid seo a rá: pé ar bith céard eile a déarfad faoi, bhí creideamh láidir dá chuid féin aige, aisling shlán iomlán inti féin a nocht sé go paiseanta gan fuacht gan faitíos i saothar a phinn agus

a bhéil. Má chreid sé, mar a dhearbhaigh sé ina phaimfléad faoi chomóradh 1916, *An Aisling*, go raibh 'an ghrian ag gabháil siar, ionann's gaibhte siar' ar an Éirinn b'ansa leis féin a fheiceáil i réim, ghin an creideamh sin beagán dóchais, ainneoin na n-ainneoin. 'Níor dhúirt muide, muide Éireannaigh, gur throid muid riamh an cath deireanach', a dúirt sé leis an Albanach ar pháirc Chath Chúl Odair. Cá bhfios nach iomaí briatharchath a throidfear fós san Ionad Cuimhneacháin ba cheart a thógáil ina onóir ar a fhód dúchais sa Chnocán Glas?



Máirtín i Meiriceá in éineacht le Meimí Johnny Mhaidhc, bean chéile a dhearthára Michael



Ag lorg a gceart: Máirtín Ó Cadhain, Peadar Mac an Iomaire, John Flannery ?, agus Seán Ó Tuairisg.



Rang 1991 i nGairmscoil Cholm Cille

Ar chúl, ó chlé: Bríd Ní Churraoin, Máire Ní Shé, Róisín Ní Loinsigh, Máirín Ní Choisdeala, Caoimhín Mac Donnacha, Padraic Mac Donnacha, Lorcan Ó Callaráin, Príomhoide na Scoile, Sean Ó Mainnín, Príomhoide.

Chun tosaigh ó chlár: Doreen Breathnach, Máire Ní Churraoin, Máire G. Ní Chonchubhair, Tina Knox, Deirdre Breathnach, Orla Ní Laoire, Gearóid Ó Conaill.



Foinse
Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge



Foinse
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 595520 Fón
091 595524 Faics
nuacht@foinse.ie r-phost

glac síntiús linn

Glacfar le fógraí pleanála i gceantar Chonamara

*Ar fáil sna siopaí
gach deireadh seachtaine*



Fís Phóil d'Aosach Chonamara

An Bhrionglóid á Fíoradh

“Si Monumentum Queris Respice” – “Má theastaíonn leac cuimhneacháin uait, breathnaigh i do thimpeall”. Tá an ráiteas sin scríofa ar Ardeaglais Naomh Pól i Londain i gcuimhne ar Sir Criostopher Wren, an tAiltire a thóg í. Bhí an abairt chéanna ráite ag Aifreann Shochraide Phóil ar an gCnoc mar aitheantas ar a mhórshaothar don Aosach i gCois Fharraige.



Tearmann Éanna

I n aimsir toghacháin ag tús na nóchaidí, c.1991, thug Pól faoi deara an t-éileamh a bhí ar thithe do sheandaoine sa gceantar agus tar éis taighde a dhéanamh ar an gcás bhunaigh sé an comhlacht, Tearmann Ainnín Teo., leis an gcás a leigheas. Bhí seachtar ar an gCoiste: beirt ó CST – An Sagart agus Pádraic Willie, bheirt as Cumann Forbartha Chois Fharraige – Breandán Ó Tuairisg agus Donncha Ó hÉalaithe agus Sorcha Ní Dhonnchadha ón Udarás, chomh maith le Pól agus Aodán ó Fhorbairt Pobail Teo. Píocadh an Sagart mar Chathaoirleach ar an gComhlacht mar gheall ar a chleachtadh ar thithe

agus Ionad Lae a thógáil do Aosach Dhúiche Sheoigheach i gCuan Muire ar an bhFairche do N.C.S.H.A., an chéad chomhlacht i gConamara a bhí i mbun na hoibre sin. Píocadh Pól mar rúnaí ar Thearmann Ainnín agus taobh istigh do dhá bhliain bhí ceithre dhuine dhéag ina gcónaí sna tithe a tógadh ar an talamh a cheannaigh an comhlacht ón mBanc. Is é an tEaspag Ó Néaraí a bheannaigh iad. Le tacaíocht an phobail a léiriú don Scéim, d’eagraigh Cumann Forbartha Chois Fharraige siúlóid urraithe le troscán a chur isteach sna tithe beaga.

Liosta

Ceapadh córas ag an am le déileáil le liosta na seandaoine a bheadh ag cuartú tí. Ar mholadh ó dhuine cáilithe i gcúrsaí sóisialta den tsórt, cuireadh liosta príorachtaí le chéile do na daoine ba mhó agus ba ghéire ar theastaigh teach uathu, agus b'iad Coiste Thearmann Ainnín a thóg an cinneadh na tithe a roinnt do réir an tslat tomhais a mhol an cigire cáilithe agus ní raibh ceist ar bith faoi fhabhar.

Thug toradh na hoibre i dTearmann Ainnín agus an liosta fada seandaoine a bhí ag éileamh tithe spreagadh do Phól chun dul ar aghaidh le scéim eile de scór tithe a thógáil ar thalamh a ceannaíodh ó Udarás na Gaeltachta sa Tulaigh. Baistíodh "Tearmann Éanna" ar an gcomhlacht nua. Bhí Pól ina Chathaoirleach air agus Aodán ina rúnaí air. Bhí beirt ó Choiste na Tulaí, an Sagart agus Seán Breathnach, Máire Uí Shrutháin, Púirín, Katie Uí Chúláin, Saile Chuana agus Mairéad Uí Neachtain, An Spidéal, in éineacht leo ar an gCoiste nua. Tá 22 sheandaoine ina gcónaí ansin faoi láthair agus tá chuile shórt ag breathnú go hálainn slachtmhar. Is mór an spóirt é.

Ionad Lae

Tá Ionad mór Lae tógtha anois ar thalamh Thearmann Éanna le freastal sóisialta a chur ar fáil d'Aosach Chois Fharraige. Níl i gceist faoi láthair ach dhá lá in aghaidh na seachtaine ach tá sé i gceist seirbhísí iomlána cúig lá in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil



Pól Ó Foighil

amach anseo. Ní féidir le Coiste beag deonach a leithéid a dhéanamh ach lena aghaidh sin tá iarratas déanta ag Tearmann Éanna chuig Udarás na Gaeltachta le scéim phíolótach Bainisteoir faoi Oiliúint a cheadú leis na seirbhísí riachtanacha a eagrú. Seirbhís mhór leathan don Aosach atá i gceist.



Aireagal Phóil

*An tIonad Lae*

Clúdaíonn sí seirbhís ó dhochtúir na gcos, ó dhochtúir na súl, ó fhisiteiripeoir, ó ghruaigeadóir agus seirbhís níos éadaí. Tá córas taistil chuig siopaí, Oifig an Phoist, agus ag dochtúir i gceist chomh maith le seirbhís “Béilí ar Rothaí”. Tá ócáidí sóisialta, turas Chnoic Muire, Cóisir na Nollag agus Féile na Bealtaine curtha san áireamh chomh maith.

Tá na seirbhísí sin uilig chomh maith le hathnuachan na scéime “Pobal ar Aire” molta go láidir ag Anne Irwin sa Tuarascáil, ‘Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire’, sa taighde a cuireadh ar fáil do CST agus urraithe ag Udarás na Gaeltachta. Tá CST cheana féin ag eagrú seirbhísí ar nós slabhraí sábháilte do dhoirse,

soilse agus comharthaí aláraim do thithe chun freastal ar a bhfuil sean agus tá sé molta chomh maith sa tuarascáil “Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire” cónascadh a dhéanamh idir Tearmann Ainnín agus Tearmann Éanna ar bhun éifeachta na seirbhísí dá bhfuil sean.

Seasann an tIonad Lae mar shiombail don mheas atá ag Pobal Chois Fharraige ar an oidhreacht dhúchasach Ghaelach Chríostúil a d’fhág ár muintir againn. Tá Tearmann Éanna thar a bheith suimiúil as a leithéid d’aitheantas a thaispeáint dá bhfuil sean.

Tá foirgneamh mór eile, “Aireagal Phóil”, tógtha ar shuíomh Tearmann Éanna le tabhairt don FSS le

*Suíomh don Ionad Leighis*

freastal ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Beidh seomraí *en-suite* agus cistín le fáil ag naonúr atá faoi mhíbhuntáiste mar áit chónaithe faoi chúram an FSS agus cead acu freastal ar an Ionad Lae taobh amuigh den doras.

Is gearr go mbeidh “Aireagal Phóil” ar oscailt ach is é an trua nach mbeidh Pól féin i láthair abhus lá a oscailte.

An tIonad Leighis

Le barr slachta agus feabhais a chur ar Thearmann Éanna, tá suíomh le cead pleanála bronnata ag Tearmann Éanna ar an FSS le hIonad Leighis a chur ar fáil do Phobal na Tulaí in aice an Ionaid Lae. Tá an cead pleanála atá faighte á ídiú le ham agus le haimsir agus mura bhfuil an FSE faoi réir lena leithéid a thógáil go gairid do Phobal na Tulaí tá fonn

ar Thearmann Éanna, le cúnamh airgid ón FSS agus ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an deis a thapú agus dul i mbun oibre iad féin.

Idir an dá linn, tá léas gearrthéarmach tugtha ag Tearmann Éanna don FSS le roinnt seomraí ar cíós a úsáid san Ionad Lae do na dochtúirí agus na banaltraí le freastal ar a bhfuil tinn mar Ionad Leighis sealadach fad a bhéas an ceann nua á thógáil.

B’shin agaibh anois Fís Phóil do ‘Shláinte agus Fad Saoil ár Muintire’. De réir a chéile a nochtaigh sé an t-iomlán don choiste, agus dá mbeadh sé uilig insthe dúinn ar dtús bheadh muid ag smaoineamh gur saochan céile a bhuail an fear. Ach buíochas mór le Dia a chuir a leithéid do smaointe fiúntacha ag snámh in intinn Phóil agus a thug an misneach agus an fuinneamh dó comhoibriú le Coiste Ainnín is Éanna leis an mbua a bhí aige airgead stáit a shú agus a dhiúl d’fhorbairt na n-aosach, tá a bhrionglóid réabhlóideach curtha i gcrích anois.

Maireann an crann ar an glaí ach ní mhaireann an fear a chur ann é. Tá bóthar buailte ag Pól, go ndéana Dia trócaire air agus go gcúití Sé leis thall climín mór a chuid oibreacha abhus ar son a bhfuil sean. Is fiú ar dhúradh faoi Sir Christopher Wry i Londain a chur in oiriúint do shaothar Phóil don aosach: “Má theastaíonn leac cuimhneacháin uait do Phól, breathnaigh i do thimpeall”

Micheál Ó Flannabhra, S.P.



Ógánaigh an Pharóiste 2005



Céad Chomaoineach

Ó chlé, ar cúl: An tAth. Ó Flannabhra, Luisne Ní Neachtain, An tAth. Ó Conaire.

Sa lár: Oisín Ó Tuathail, Roibeard Breathnach, Séamus Ó Conaire, Niamh Ní Chonaill, Anne McGabhann, Luisne Ní Dhuibhir, Hazel Ní Choisdealbha, Hayley Ní Thuathail, Róisín Ní Neachtain, Eimear Ní Chonaire, Tara Spratt, Brianne Williams.

Sa tosach: Cólín Ó Coileáin, Patrick Ó Tuathail, Rónán Ó Beoláin, Caomhán Ó hIarnáin, Conor Taggart, Rónán Ó Maoláin, Ciarán Seosamh Ó Fátharta, Cian Ó Fátharta, Emil Trahan, Cathal Ó Fátharta, Caomhán Ó Foighil, Ciarán Ó Tuathail.



Cúinéartú

Ó chlé, ar cúl: Maidhcí Ó Cadhain, Timmy Ó Conghaile, An tAth. Ó Flannabhra, Stiofán Ó Céidigh, Fiachra Ó Tuairisg, Fiach Ó Béarra, Peadar Ó Gríofa, Sinéad Ní Thuathail, Mairéad Ní Mhárta, Sharon Ní Dhonnchadha, Colm Ó Fátharta, An tAth. Ó Ceannabháin.

Sa lár: Traolach Ó Conghaile, Christy Ó Tuathail, Éinne Ó Conghaile, Colm Ó Cualáin, Éamonn Ó Fátharta, Breandán Ó Conghaile, Éanna Ó Griallais, Eilish Nic Dhiarmada, Aishling Hill, Grace Nic an tSagairt, Rachel Ní Fheintheadha, Brenadette Ní Fheintheadha, Caoimhe Ní Ghriallais, Christina Ní Loideáin, Fearghas Mac Lochlainn.

Sa tosach: Rónán Ó Griallais, Rachel Anna Nic an Rí, Róisín Ní Thuathail, Linda Ní Mháille, Máirín Ní Chonghaile, An tArdeaspag Mícheál Ó Néaraigh, Fiona Ní Chonghaile, Cristín Ní Choincheanainn, Áine Ní Mhaoláin, Kevin Ó Conghaile.

I mBróga Frodo sa Nua-Shéalainn

le Cathal Ó Conaire

D'fhágamar Aerfoirt na Gaillimhe ar an triú lá de mhí Iúil ag leath uair tar éis a cúig san iarnóin agus dhá lá ina dhiadh sin shroich muid ceann scríbe – Aukland - an dara cathair is mó ar an Oileán Thuaidh den Nua-Shéalainn. Cé go rabhamar tuirseach traochta thugamar ár n-aghaidhe ar pháirc Eden an trathnóna sin, áit a raibh an bua ag na Leoin ar an bhfoireann baile agus gan tada le spáráil acu. Bhí na comharthaí le feiceáil ón gcluiche sin nach mbeadh seans acu i gcoinne na *All Blacks* an Sathairn beag sin.



Cathal ag cadhcáil

Síos trí lar na tíre linn go dtí baile beag darbh ainm Rotrua, áit a raibh an-spraoi againn ag carraeireacht síos le fana, nó “luging” mar a thugtar air, ach fágadh boladh bréan ar ár gcuid éadaigh toisc na folcadáin te puitigh a bhí san áit. Ó dheas go Wellington linn ansin, tar éis raftáil i bpluaiseanna Waitomo agus lán a súl a bhaint as loch Taupo agus Huka Falls.

Ina dhiaidh sin, chuamar trasna Caolas Cook ar bhád farantóireachta go dtí an tOileán Theas agus comh fad le Picton. Chaitheamar lá ag spaisteoireacht i bpáirc náisiúnta Abel Tasman, ar an taobh ó thuaidh de Nelson agus lean muid ar aghaidh ansin go dtí Westport. Cé nach bhfaca muid aon chóisir ‘Stag’ ann, agus cé gur oscail an t-aer ar feadh trí lá, rinneamar scairdbhádóireacht, nó Jet-boating, agus Quad-biking ann. Ar an mbealach ó dheas bhí an Mhuir Tasman ar thaobh amháin agus na hAlpa ar thaobh eile dhúinn lena radharcanna álainne agus a dtírdhreach dhraíochtúil.

Tar éis seachtain a chaitheamh i Queenstown, ag sciáil, ag dreapadóireacht leac oighre i Fox Glacier, ag cadhcáil ar Loch Malourika, ag spéirthumadh (12,000 troigh) os cionn Loch Wanaka agus ar thuras báid amach go Milford Sound an caoláire is cáiliúla ar domhan b’fhéidir, theastaigh uainn ár scíth a ligean i nDunedin, baile na scoláirí.

Ar deireadh chríochnaigh mé an eachtra iontach seo le buaicphointe an turais, ag snamh le deilfeanna agus míolta móra i Kakeira. Ach ansin, d’fhág mé slán ag an tír aislingeach seo ar chaith Frodo agus a cairde



An Fox Glacier sa Nua-Shéalainn

roinnt mhaith blianta ag cuartú an Precious, agus gheall mé dhom fhéin go mbeinn ar ais arís lá breá éigin. Agus mar fhocail scoir, caithfidh mé a rá go raibh fáilte Uí Cheallaigh ag muintir na Nua-Shéalainne uilig romhainn i ngach áit sa tír a ndeachamar.



Cathal agus a chairde ag dreapadóireacht sa Nua-Shéalainn.

Ciorcal Léitheoirí

Tá Ciorcal Léitheoirí bunaithe ag Glór na nGael, Paróiste an Chnoic, tríd an gCumann Forbartha. Is é príomhchuspóir an Chiorcail, léitheoireacht na Gaeilge a fhorbairt sa cheantar agus cuirfear míle fáilte roimh dhaoine ar mhian leo triail a bhaint as.

Tagann an Ciorcal le chéile sa Seanscoil uair sa mhí, roghnaíonn siad leabhar agus, nuair a thagann siad le chéile an chéad mhí eile, tugann gach duine ar mian leis nó léi, a thuairimí faoin leabhar, an pléisiúr nó a mhalairt a bhain sé/sí as, tuairimí faoin scéal, charachtair, na buanna, an neart nó an laige a bhain leis, samplaí a léimh, an stíl, srl.

Ócáid shóisialta thaitneamhach a bhíonn sa teacht le chéile sin agus má tá suim agat ann nó tuilleadh eolais ag teastáil uait faoin scéal téigh i dteagmháil le Brian Ó Baoill, Rúnaí, Cumann Forbartha Chois Fharraige, An Teach Mór, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Tá cheithre champas ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi láthair. Tá sé lonnaithe in Áras na Gaeilge i nGaillimh agus tá gníomhaíochtaí de chuid an Acadaimh lonnaithe freisin in Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua, in Ionad na hOllscoile i gCarna agus in Ionad na hOllscoile i nGaoth Dobhair.

Is fo-ionad de chuid Áras Mháirtín Uí Chadhain an ghníomhaíocht ollscoile i Seanscoil Shailearna. Tá iarratas déanta ar an Ollscoil freisin ionad a thógáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus tá comhráit ar siúl idir An tAcadamh agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne faoi láthair.

Is cúis áthais don Acadamh go bhfuil a fhoireann ag cabhrú le forbairtí oideachais agus forbartha i gceantar Chumann Forbartha Chois Fharraige. Tá Riarthóir Áras Mháirtín Uí Chadhain, Treasa Uí Lorcáin, ag feidhmiú mar Rúnaí ar Chomharchumann Shailearna. Tá Caitlín Nic an Ultaigh, Ceannasaí Bainistíochta an Acadaimh, ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an gcoiste don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh atá le tógáil ar shuíomh atá ar chúl Shéipéal an Chnoic. Ina theannta sin, chuidigh An tAcadamh leis an gComharchumann i ndréachtadh a phlean straitéiseach trí bliana agus chomh maith in ullmhú an iarratais ar an deontas Gaeilge a d'éirigh leis an gComharchumann a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith na bliana.

Tá cúrsaí nua á dtosú sa Ghaeltacht ag An Acadamh an seisiún seo, mar atá, Dioplóma sa Drámaíocht a bheidh lonnaithe i Seanscoil Shailearna agus M.A. san



Peadar Mac an Iomaire, Príomhfheidhmeannach OÉ, Gaillimh agus an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, Uachtarán OÉ, Gaillimh

Aistriúchán a bheidh lonnaithe in Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua. Tá obair ar siúl faoi láthair san Acadamh ar leagan amach cúrsaí nua céime i réimsí a chuirfidh le fostaíocht eolasbhunaithe agus teanga-lárnaithe.

Ba mhaith le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bhuíochas a ghlacadh le Cumann Forbartha Chois Fharraige agus le coistí eile i gceantar Chois Fharraige as an tacaíocht a fuair An tAcadamh agus é ag iarraidh go nglacfadh an stát leis an ollscolaíocht trí Ghaeilge mar chuid lárnach de bhonneagar na Gaeltachta agus freisin go bhféachfaí ar an oideachas agus ar

an oiliúint mar acmhainn a chuideodh le cruthú fostaíochta in áit na fostaíochta atá agus a bheidh caillte ag ceantair Ghaeltachta de bharr laghdú a bheith ag teacht ar chumas iomaíochta na tíre seo i dtionscail déantúsaíochta. Is fiú cuimhniú go leanfaidh obair eolasbhunaithe pobail an eolais.

Is mór ag An Acadamh go bhfuil Údarás na Gaeltachta ag glacadh treo nua agus guíonn muid gach rath ar an bPríomhfheidhmeannach nua, Pádraig Ó hAoláin, agus ar a fhoireann san obair cheannródaíoch atá curtha roimhe aige ina thréimhse mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

As seo go Nollaig bronnfar céim oinigh M.A. ar bheirt as Paróiste an Chnoic. Seo bealach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le haitheantas a thabhairt do dhaoine sa bpobal a bhfuil obair eisceachtúil déanta acu. Is de bharr a bhfuil déanta ag duine acu i réimse na litríochta pobail atá an gradam á bhronnadh air. Tá an duine eile ag fáil aitheantais ag an bpointe seo ar an obair thar an gcoitiantacht atá déanta aige i réimse na forbartha pobail. Táthar ag súil gur le linn sheoladh an chúrsa nua dioplóma sa drámaíocht a bheidh an bronnadh seo ar siúl sa Seanscoil.

Siopa an Phobail

**Coill Rua, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.**

**Fón: 091-593020
Faics: 091-593338**



Super Valu

Siopadóireacht mar is cóir

Scríbhneoirí Chois Fharraige

Faoi mar a tuairiscíodh i mBiseach 2004, bíonn obair mhór ar siúl ag na scríbhneoirí óga sa cheantar seo. Faoi chúram Gheartrúid Mhic Con Iomaire, a múinteoir, spreagtar iad le peann a chur le pár agus an toradh a chur isteach i gcomórtais éagsúla. Mar shampla, bhuaigh siad 11 duais i gcomórtais an Oireachtais 2004, 4 dhuais i gcomórtais Chonradh na Gaeilge, 6 dhuais i gcomórtais An Choiste Ghairmoideachais, 16 dhuais i gcomórtais Údarás na Gaeltachta agus an Chéad Áit sa Tír i gcomórtas a d'eagraigh Leabharlann Dhún Laoghaire. Éacht amach is amach!

Is iad seo a leanas na scoláirí a bhain duaiseanna amach san Oireachtas:

*Duais Chumann Lúthchleas Gael,
Aiste faoi 16, Muireann Ní Chadhain.
Aiste faoi 21, Pádraig Ó Dubhghaill.
Duais Lá Iriseoireacht faoi 16,
Oisín Ó Ceallaigh.
Duais Ghael-linn, Scéal faoi 16,*

*Daithí Ó Loideáin agus Cian Ó Scolaí.
Duais Chomharchumann Íde Naofa,
Gearrscéal faoi 21, Déaglán Ó Cualáin.
Duais Oireachtas na Gaeilge,
Dán faoi 16, Niamh Seoighe.
Duais Sheáin Uí Ríordáin,
Dán faoi 21, Eoghainín Ó hAinmhire.
Duais Oireachtas na Gaeilge,
Amhrán faoi 16, Éinne Ó Biathaigh,*

*Máirtín Ó Conghaile, Keith Ó
Donnchadha, Criostóir Ó Cualáin
agus Seághan Mac Donncha.*

Tá forbairtí i gceist ag an gColáiste don bhliain 2005/6, tá Club-leabhar á bhunú agus tá sé i gceist bailiúchán de leabhair Ghaeilge a chur le chéile sa Choláiste. Beidh leabhair á léamh ag na scoláirí agus ansin tiocfaidh siad le chéile le léirmheasanna a chur ar fáil.

Leanfar de na Ceardlanna Scríbhneoireachta do na scoláirí, Sóisear agus Sinsear, faoi stiúir Ghreg Uí Bhraonáin agus beidh na Ceardlanna Drámaíochta faoi stiúir Dhiarmaid de Faoite arís eile. Beidh cuairteanna á dtabhairt ag scríbhneoirí ar nós Louis de Paor, Maidhc Dainín Ó Sé, agus scríbhneoirí eile.

Ar ndóigh, ní raibh scríbhneoirí fásta an cheantair díomhaoín ach an oiread agus bronnadh duaiseanna Oireachtais 2004 ar na daoine seo a leanas:

*Duais Bhord na Leabhar Gaeilge, Ficsean do Dhaoine óga 13-15,
Brian Ó Baoill, agus Darach Ó Scolaí.
Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaiméoir Fásta, Duais Bhord na Leabhar Gaeilge,
Brian Ó Baoill.*

Dráma Aonghnímh, Duais Údarás na Gaeltachta, Micheál Ó Conghaile.

Agus scríbhneoirí faoi chaibidil, ní mór tagairt a dhéanamh don obair iontach a bhíonn á dhéanamh ag Cló Iar-Chonnacht, Leabhar Breac agus Clódóirí Lurgan. Is maith an t-údar dóchais iad na scríbhneoirí óga, ach go háirithe, sa nGaeltacht is láidre ar domhan.



Sadhbh Ní Cheallaigh (14) agus Diarmaid Ó Ceallaigh (17), Na hAille, a ghnóthaigh an chéad duais i sé cinn de na comórtais do dhaoine óga i gComórtais Líteartha an Oireachtais 2005.

Ghnóthaigh Diarmaid an chéad duais de €300 d'aiste, maoinithe ag Cumann Lúthchleas Gael; an chéad duais de €300 d'iriseoireacht, maoinithe ag Oireachtas na Gaeilge; an chéad duais de €300 d'iriseoireacht don idirlíon, maoinithe ag www.beo.ie; agus an chéad duais de €450 d'aiste nó gearrscéal, faoi choimirce Chomharchumann Íde Naofa.

Ghnóthaigh Sadhbh an chéad duais roinnte de €150 d'aiste, maoinithe ag Cumann Lúthchleas Gael agus ghnóthaigh sí féin agus Diarmaid an chéad duais roinnte de €150 do Thionsamh Bitheolaíochta, maoinithe ag Acadamh na Lianna.

Tionscnamh Pleanála Teanga

Comharchumann Shailearna Teo.

Ar an 22 Deireadh Fómhair, 2005 i Seanscoil Shailearna d'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív go raibh €110,000 ceadaithe thar thréimhse 3 bliana don Chomharchumann chun Tionscnamh Pleanála Teanga a chur i bhfeidhm.

Is éard atá i gceist nuair a chuirtear an tionscnamh seo i bhfeidhm ná go dtreiseofar an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh. I measc na dtograí atá sna scéimeanna teanga tá seirbhísí réamhscolaíochta agus óige, seirbhísí do sheanóirí, agus seirbhísí spóirt agus siamsaíochta, chomh maith le tionscadail sna hearnálacha turasóireachta, gnó tionsclail agus oideachais.

Déanfar anailís agus measúnú ar riachtanais teanga an cheantair, agus ansin cuirfear gníomhachtaí i bhfeidhm a mbeidh mar chuspóir acu an teanga a chaomhnú agus a neartú sa gceantar.

I mí Lúnasa seo caite chuir Patricia Ní Chonghaile tús lena cuid dualgais mar

Bhainisteoir Teanga ar an tionscnamh agus tá plean oibre trí bliana leagtha amach. Tá an ceantar feidhme ó Dhroichead Chasla go dtí Doire Locháin Thoir faoin curám agus tá sí ag súil go mór le casadh leis an phobal, na coistí, na heagraíochtaí chomh maith

leis an lucht gnó chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm agus cinntiú go mbeidh an teanga agus ár ndúchas ag an gcéad ghlúin eile.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Patricia Ní Chonghaile ag 091 505732 nó pleanailteanga@eircom.net



Patricia Ní Chonghaile

Ag Dul ar Scoil san India

An samhradh seo caite chaith mé seal deich seachtainí ag múineadh gasúir bhunscoile i gceantar bocht i Delhi, bpríomhchathair na hIndia. Ar dhul isteach sa seomra ranga don chéad uair dom thuig mé na difríochtaí a bhí idir cúinsí scoile sa tír sin agus cúinsí scoile sa mbaile.

Bhí thart timpeall ar thríocha dalta, ó thrí bliana d'aois do dtí ceithre bliana déag d'aois, suite ar an urlár i seomra beag bídeach, clár dubh beag agus cailc nó cóipleabhar ina lámh acu. Ní raibh cathaoireacha nó boird ann. Bhí an teas marbhánta.

Ba ghasúir suáilceacha, cairdiúla a bhí sa rang. Bheannaigh siad gach maidin dom, ag rith i mo threo, ag croitheadh láimh liom agus ag rá "Namaste De Di Di" (ciallaíonn "Namaste De" Dia dhuit agus ciallaíonn "Di Di" deirfiúr). Fiú amháin mura raibh an teanga chéanna againn bhí muid in ann spraoi le chéile, amhráin a chasadh i Hindi agus i mBéarla agus damhsa agus ealaín a dhéanamh. Ó thaobh na ndúshlán a

bhí ann, mharaigh an teas mé – bhí sé thart ar 40 céim Celsius agus bhíodh gread mór cuileog ag glacadh páirt sa rang chomh maith!

I scoil neamhfhoirmiúil a bhí mise ag obair a bhfuil sé d'aidhm aici gasúir a mhealladh ó bheith ag obair nó ó bheith ar an tsráid agus iad a threoradh i dtreo na scoile. Cé go bhfuil sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil de réir bhunreacht

na hIndia, ní fhreastalaíonn ach 60% de ghasúir na tíre sin ar scoil.

Tá go leor cúinsí sóisialta a choinníonn páistí ón gcóras oideachais. Ar an gcéad dul síos tá ceist an bhochtanais ann. Níl ach \$2 in aghaidh an lae ag 80% den tír le caitheamh ar riachtanais

chórais 'Caste' leis an bhfadhb chomh maith. Is seantraidisiúin é an chóras seo a eascraíonn ón reiligiún Hindúch a deir go bhfuil daoine áirithe ceaptha ag Dia le bheith ina sagairt, daoine eile ceaptha le bheith ina saighdiúirí, daoine eile ceaptha le bheith ina siopadóirí, daoine eile

ceaptha le bheith ina bhfeirmeoirí agus daoine eile, na Harijan, nár cóir drannadh leo ar chor ar bith. Cé go bhfuil sé mídhleathach anois leatrom a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar an ngrúpa sóisialta lena mbaineann sé nó sí, tarlaíonn leatrom go forleathan ar bhealach neamhoifigiúil. Má tá gasúr istigh i rang ó 'Caste' níos ísle ná a chomrádaithe, mar

shampla, suífidh sé nó sí go hiondúil ag deireadh an ranga agus déanfaidh na gasúir eile agus, uaireannta, an múinteoir fiú bulaíocht air.

Fadhb eile atá ann ná go bhfuil i bhfad níos mó buachaillí ná cailíní ag dul ar scoil. Déantar leatrom ar chailíní san India mar go gceaptar gur míbhuntáiste eacnamúil iad toisc go bhfágann siad a muintir an



I mbun ranga san India

mhaireachtála. Is fíor nach gcosnaíonn scoileanna an stáit mórán, ach mar sin fhéin bíonn na gasúir ag teastáil sa mbaile chun tacaíocht a thabhairt don chlann. Fadhb eile atá ann go bhfuil páipéarachas ag teastáil ó dhaoine, mar shampla teastas breithe nó fianaise go bhfuil lóistín buan acu, rud nach mbíonn ar fáil go minic.

Cuireann rian deighilteach an



Cúlshráid mheirbh mharbhánta san India

lá a bpósann siad agus bíonn ar a muintir spré a íoc astu. Tarlaíonn sé in áiteanna go maraítear cailíní tar éis a mbreithe.

Bhí sé deacair na fíricí seo a chreidiúint agus mé ag obair le pobal Sangham Vihar i Delhi. Chuir an pobal an-fháilte romham.

Thug gasúir cuireadh abhaile dom le buaileadh lena dtuismitheoirí. Ní bhíodh aon Bhéarla acusan agus ba bheag an Hindi a bhí agamsa, ach mar sin fhéin réitigh muid le chéile go hiontach agus muid ag úsáid geáitsíochta, amhrán agus damhsa.

Ar fhilleadh go hÉirinn dom b'iontach liom an difríocht a d'fhéadfadh a bheith idir dhá tír nach raibh eatarthu ach deich n-uair a chloig ar eitleán. Deirtear i ndiaidh seal a chaitheamh i dtír atá i mbéal forbartha go mbíonn duine cáinteach faoina tír féin. Cinnte, táim cáinteach faoi ábharachas agus méféineachas na tíre seo, ach fós bhí mé faoi dhraíocht ag áilleacht, samhlaíocht agus spioradáltacht na hIndia. Ach ar an taobh eile den scéal tá sé iontach siúl isteach i scoil agus páistí a fheiceáil i mbun a gcuid oibre. Ní mór a chuimhniú, áfach, nach

amhlaidh a bhí sa tír seo caoga bliain ó shin.

Is le NGO darbh ainm *Suas* a chuaigh Nóra go dtí an India. Tá na sonraí ar fad faoin NGO seo le fáil ar an idirlíon ag www.suas.ie

Nóirín Nic an Ultaigh

***Gach Cineál Clódóireachta
idir leabhair agus obair lándaite***

Is cuma muna bhfuil uait ach 10 gcóip lándaite is féidir linn é a dhéanamh ar *Digital Press* nó má tá na mílte cóipeanna uait tá inneall nua 4 dhath againn.

Glaigh orainn i gcóir meastachán

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-593251/593157. Fax: 593159.

Clólann na Gaeltachta agus na Gaeilge



Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Chois Fharraige

Tá deontas de €1milliún ceadaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a thógáil sa gceantar. Níl aon amhras ar Ghrúpa Oibre an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh ach go bhfuil an tIonad atá le tógáil ar cheann de na beartais is tábhachtaí riamh ó thaobh na pleanála teanga de i gceantar Chois Fharraige.

- Cinnteoidh an tIonad nua seo go bhfuil seirbhísí comhtháite cúram leanaí trí Ghaeilge ar fáil do theaghlaigh Chois Fharraige ó aois 3 mhí go haois iarbhunscóile faoi aon dhíon amháin. Cruthóidh an tIonad seo nósmaireacht teanga (Gaeilge) i measc leanaí an cheantair ón aois go mbeidh siad ag freastal ar na seirbhísí luathoideachais go dtí go mbeidh an iarbhunscóil críochnaithe acu.
- Cabhróidh an tIonad seo chun dul i bhfeidhm ar an rogha teanga a dhéanann tuismitheoirí ag baile trí chúrsaí réamhbhreithe agus réamhphósta, a mbeidh modúl ar theanga an teaghlaigh mar chuid díobh, a thairscint don phobal.
- Cuirfidh an tIonad seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teanga ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh teanga an teaghlaigh a iompú ó Bhéarla go Gaeilge, mar shampla do theaghlaigh atá tar éis filleadh ó thar lear.
- Cruthóidh an tIonad comhlúadar Gaeilge nua sa cheantar, áit ina bhféadfadh tuismitheoirí agus teaghlaigh an cheantair a theacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge.
- Reáchtálfar cúrsa oiliúna i réimsí an luathoideachais agus na tacaíochta teaghlaigh trí Ghaeilge san Ionad. Ciallóidh sé seo go mbeidh deiseanna oiliúna agus fostaíochta den chéadscóth trí Ghaeilge ar fáil d'óige an cheantair.
- Faoi láthair tá ochtar fostaithe idir Naíonra Chois Fharraige agus Naíolann Sailearna. Meastar go mbeidh ar a laghad 20 duine fostaithe go lánaimseartha nuair a bheidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh faoi lán seoil.

Plean Forbartha

Luíonn an fhorbairt seo go huile agus go hiomlán le pleananna forbartha agus teanga Chomharchumann Shailearna, mar aon le pleananna forbartha na n-eagraíochtaí áitiúla pobail agus stáit eile sa cheantar. Níl aon amhras ach go rachaidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh seo ó neart go neart agus go mbeidh sé mar eiseamláir ag pobail eile de bharr na pleanála, an chomhoibrithe pobail agus na fealsúnachta teanga atá á dtiomáint. Ní hamháin go mbeidh an tIonad mar dheashampla d'fhorbairt i measc an phobail, is cinnte go mbeidh sé mar áisitheoir ar go leor forbairtí teanga lárnaithe eile sa cheantar chomh maith.

An tIonad Nua

Is iad seo a leanas na spásanna a bheidh san Ionad nua:

- Seomra ar leith don Naíolann ina mbeidh spás do 36 gasúr (Aois 0-1 – seisear, Aois 1-2 – Deichniúr, Aois 3-6 – fiche gasúr)
- Spás ar leith don Naíonra ina mbeidh spás do dhá sheisiúin, 20 gasúr ag aon am ar leith. Beidh an deis ann Naíonra maidine agus tráthnóna a reáchtáil de réir an éilimh.
- Spás do sheirbhísí iarscoile. Beidh seomraí ar an dara hurlár san Ionad ar fáil do chlubanna spraoi, clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, ceoil agus clubanna obair bhaile. Bheadh spás ann do leabharlann ar leith do ghasúir chomh maith agus seomra comónta. Reáchtálfar seisiúin staidéir tar éis scoile agus gníomhachtaí do ghasúir dara leibhéal de réir éilimh.
- Spás Oifige agus Riaracháin.
- Spás do sheirbhísí Teiripeoir Teanga agus seirbhísí eile de chuid an Bhoird Sláinte.
- Páirc spraoi poiblí. Tá iarratas déanta ar an gComhairle Contae maidir le páirc spraoi poiblí a thógáil taobh leis an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ar shuíomh atá suite ar chúil Shéipéal an Chnoic. Táthar ag súil go mbeidh an tIonad ar oscailt i Meán Fómhair 2007.

Caitlín Nic an Ultaigh.

Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre

Biseach ar sheirbhísí stáit trí Ghaeilge

Biseach ainm na hirise seo: tráthúil go maith. Is léir gur biseach atá beartaithe freisin ar an tseirbhís a chuireann an státchóras ar fáil trí Ghaeilge do phobal na tíre seo – muintir an cheantair seo san áireamh. Ní gá do dhuine a bheith ina shaineolaí leighis lena thuiscint gur annamh a thagann biseach thar oíche agus go minic, gur próiseas mall go leor a bhíonn i gceist, céim ar chéim, de réir a chéile. Sin an straitéis – dul chun cinn leanúnach – atá mar chroílár ag plean an stáit; deiseanna breise a chruthú don teanga i saol poiblí na tíre le níos mó seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge, agus na seirbhísí sin a bheith ar chaighdeán níos airde.

Níl amhras ar bith ann, ón uair gur socraíodh sa bhliain 1974 deireadh a chur leis an riachtanas Gaeilge a bheith ag duine le post a fháil sa tseirbhís phoiblí, gur laghdaigh cumas na státseirbhíse chun soláthar fóna a dhéanamh dóibh siúd ar mhian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Cuireadh dlí nua i bhfeidhm sa bhliain 2003, dlí ar a dtugtar *Acht na dTeangacha Oifigiúla* nó “an tAcht Teanga”, agus tugann sin dóchas nua dúinn go gcuirfear bunús le biseach, in imeacht ama ar an laghad, ar sheirbhís stáit a bheidh ar fáil trí Ghaeilge agus a chuirfidh go mór le raon agus le caighdeán na seirbhísí sin.

Cumarsáid

Agus is maith a thuigfeadh daoine a bhfuil cónaí orthu i bpobal Chois Fharraige an riachtanas atá ann go dtiocfadh biseach ar sheirbhísí stáit trí Ghaeilge. Duine le Gaeilge ón gceantair seo a bheadh i dteagmháil le RTÉ Raidió na Gaeltachta, le TG4, le hÚdarás na



Gaeltachta nó leis an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, is cinnte gur i nGaeilge a dhéanfaidís an chumarsáid sin – bheadh sé mínádúrtha acu a gcuid gnóthaí a dhéanamh ina aon teanga eile seachas Gaeilge. Ach dá mbeadh na daoine céanna sin i dteagmháil leis an gComhairle Contae, le húdarais sláinte, le eagraíochtaí stáit eile is minice ná a mhalairt go mbraithfidís nach raibh de rogha acu ach a gcearta teanga a

chur ar leataobh agus an Béarla a úsáid. Bhraithfidís go minic gurb é an Béarla teanga gnó na n-eagraíochtaí stát sin agus gur snámh in aghaidh easa dóibh a bheith ag iarraidh a ngnóthaí féin a chur chun cinn i nGaeilge.

Imeallú

Glactar go forleathan leis anois, ar bhonn idirnáisiúnta, dá mhéid a bhrúitear teanga ar nós na Gaeilge i leataobh i gcúinsí den chineál sin gur mó imeallú agus dochair a dhéantar do stádas agus d’úsáid na teanga sin. Cuireann an tAcht Teanga nua dualgais reachtúla ar Ranna Rialtais, ar údarais áitiúla, ar eagrais sláinte agus ar bhoird stáit de gach cineál – 650 acu ar fad – a gcuid féin a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a dteanga féin a úsáid ina gcuid déileála leo. Chuige sin, tá oifig náisiúnta neamhspleách stáit lonnaithe sa Spidéal – an oifig s’againne – le cabhair agus comhairle a chur ar fáil don phobal agus le déileáil le gearáin. Tá sé

mar aidhm lárnach ag an oifig sin a chinntiú go mbeidh a gcearta le fáil ag daoine agus go ndéanfaidh an státhóras beart de réir a bhriathair maidir le cearta teanga.

Deiseanna

Ar ndóigh, bhí deiseanna á gcur ar fáil i gcónaí ag eagraíochtaí áirithe stáit le gnó a dhéanamh trí Ghaeilge – ach ba mhinic go raibh lagmhisneach nó easpa muiníne ar an bpobal, de bharr drochthaithí, an Ghaeilge a úsáid le heagraíochtaí eile stáit. Tabharfaidh an tAcht nua, agus na deiseanna a bhéas leis, dúshlán nua don phobal – úsáid rialta a bhaint as na seirbhísí breise trí mheán na Gaeilge a bheidh ar fáil ón státhóras in imeacht ama.

Leis an gcomhréir ceart, idir an t-éileamh atá ag an bpobal ar a gcuid gnóthaí a dhéanamh trí

Ghaeilge agus soláthair ceart de sheirbhísí i nGaeilge a bheith ar fáil ag eagraíochtaí Stát, d'fhéadfaí cúrsaí a fheabhsú go mór: ar an mbealach sin, thiocfadh an lá go mbeadh glacadh iomlán leis go mbeadh sé chomh héasca, nó níos fusa go mór b'fhéidir, ag duine as Cois Fharraige iarratas pleanála a phlé leis an gComhairle Contae, cárta leighis a fháil ón údarás sláinte nó a gcuid cúrsaí cánach nó leasa shóisialaigh a shocrú i nGaeilge agus a bheadh sé acu an gnó céanna sin a dhéanamh i mBéarla.

Cearta

Ní thugann an tAcht Teanga aon chearta breise do phobal na Gaeilge nach bhfuil ar fáil cheana féin gan cheist ag pobal an Bhéarla. Agus ní thugann sé ar

ais Gaeilge éigeantach sa státhóras ach cuireann sé tús le córas a rachaidh cuid mhaith den bhealach le deireadh a chur le Béarla éigeantach agus tú i mbun do chuid gnóthaí le heagraíochtaí stáit. Cuireann sé struchtúir ar fáil le go dtiocfaidh biseach in imeacht ama.

Tá oifig an Choimisinéara Teanga curtha ar bun le cabhrú leat. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig i scríbhinn ag an seoladh seo - *An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co na Gaillimhe*, ar an teileafón ag 091-504006 nó le ríomhphost ag eolas@coimisineir.ie. Tá neart eolais le fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.coimisineir.ie.

*An Coimisinéar Teanga
Seán Ó Cuirreáin*



Maidin Lá Nollag 2004



Child Rescue Centre Nairobi Kenya

Rith / Súil Míle ar mhalthe le GOAL

Beidh an GOAL Míle á reachtáil maidin lá Nollag ó 10:00 rn. go dtí 12:30 i.n. ag traic rasaíochta na hOllscoile, Daingean (Bóthar Mhaigh Quilinn) i nGaillimh.

Fágfaidh bus clós Choláiste Lurgan ar 10:30 rn. agus táthar ag súil le bheith ar ais arís ag 12:30 i.n.

Is féidir cártaí urraíochta a fháil ó oifig Choláiste Lurgan (593182) nó ó oifig GOAL i nGaillimh (587901)

Beidh teastas ar fáil do na daoine uilig a ghlacann páirt.

Rachadh an t-aingeal chun tacú le obair GOAL sna tíortha atá fós ag forbairt.

Tá GOAL ar an bhfód anois le breis 's fiche cúig bliain agus é dírithe i gcónaí ar an sprioc céanna, mar atá, faoiseamh a thabhairt ón gcruatan a luíonn ar na bochtáin is dearóile i dtíortha atá fós ag forbairt. Féachann GOAL le deis a thabhairt do na daoine is leochaillí agus is mó atá thíos le hiompar mídhaoine, teacht ar bhunriachtanais agus ar bhunchearta an duine i bia, uisce, fásadh, cóir leighis agus bunoidéachas. Is eagraíocht í GOAL nach bhfuil ceangailte le haon chóras creidimh, polaitíochta ná rialtais. Le do chúnamhsa, tá breis agus céad oibrí deonach de chuid na heagraíochta ag saothnú i measc na mbochtán is dearóile i bhfiche tír ar fud an domhain.



Pastime Chonamara

Arís i mbliana tá réimse leathan ranganna caitheamh aimsire tosaithe ag Pastime Chonamara. Bíonn siad ar siúl ceithre oíche sa tseachtain ar fud Chonamara. Is le cabhair ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta a reáchtáiltear na himeachtaí seo. I mí Meitheamh seo caite bhronn an tAire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D. agus Fionnuala Ní Fhlatharta ('Berni' i *Ros na Rún*) teastais ar seachtó duine a d'fhreastail ar chúrsaí Pastime Chonamara. Tá sé i gceist ag an eagraíocht i mbliana leathnú amach go dtí contaetha na Mí agus Mhaigh Eo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag Pastime Chonamara ach glaoch ar 091-593311.





Cúrsa Iascaireachta a bhí ar siúl an samhradh seo caite

Ar chúl: Marian Ní Shúilleabháin, RTÉ RnG a bhronn na teastais, Micheál Davy, Liam Beatty, Pádraic Ó Neachtain (cuntóir) agus Fiontán Ó Curraoin.

Chun tosaigh: Ruadhán Ó Béarra, Ciarán Ó Cadhain, Cian Gibson, Doireann Davy, Enda Ó Cualáin agus Noel Ó Droighneáin, Stiúrthóir an chúrsa.

Teastais Eile...



An chéad cholún ó barr:
Micheál Ó Céidigh as an Lochán Beag
agus 'Berni' as Ros na Rún

Pat Finnegan, An Teach Mór ag
Taispeántas Pastime Chonamara sa
Spidéal

Ray Briggs, An Teach Mór, ag an
Taispeántas céanna

An dara colún ó barr:
Seán P. Ó Fátharta as Clochar na gCon
agus Berni as Ros na Rún
Ronald Sayers as na hAille

Cumann Drámaíochta Chois Fharraige

Bhí dhá mhórléiriú ag Cumann Drámaíochta Chois Fharraige i mbliana. An dráma *“Go nDéantar do Thoil”* le Michael Carey (aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin) agus *“Gabha na bhFocal”* Drámaíochta/fíliocht/Agallamh Beirte agus píosaí grinn scríofa ag Johnny Chóil Mhaidhc.



Síle Ní Bhraonáin sa dráma Mar a Chéile Muid

Thosaigh muid amach ag cleachtadh i Meán Fómhair 2004 in Amharclann Chois Fharraige, dhá oíche sa tseachtain agus corrdheireadh seachtaine lena gcois. Cúigear aisteoirí, Pádraig Ó Ráighne (*Jeaic*), Bridie Ní Churraoin (*Delia*), Seán Ó Ráighne (*Peitín*), Colman Seoighe (*Martin*) agus Síle Ní Bhraonáin (*an cailín*

álainn) atá ag glacadh páirt san dráma. Is é Eoghan Ó Riada an léiritheoir. Tá criú iontach stáitse ag an gCumann Drámaíochta, ina measc sin tá Danny Wallace (*Dearthóir Seite*), Eilín Brennan, Brighid Breathnach, Cabrini Ó Tuairisg, Camilla Uí Cheallaigh, Máire Ní Mháille, Páraic Ó Flatharta,

Beartla M. Ó Flatharta, Síle Ní Bhraonáin, Jean Uí Fhátharta agus Sara Uí Scanláin. Tá fear amháin ba cheart dúinn a luadh anseo agus is é sin Marty Lee as Tír an Fhia, an fear a thugann ó bhaile go baile muid leis an dráma a léiriú.

Chuireadh an t-aighneas atá sa dráma seo duine ag cuimhniú air fhéin. Níl baile in Éirinn nach bhfuil clann ann a bhíonn in ártach a chéile. Is dráma é seo atá dírithe ar bheirt deartháireacha atá ina gcónaí i mbéal dorais a chéile nach labhair smid ná focal lena chéile le ceathracha bliain. Tá siad in ártach a chéile mar gheall ar thalamh, mná, creidimh, sochraid agus ól, agus tagann an t-urchar isteach ann freisin.

D'éirigh thar barr leis an dráma ón chéad oíche a chuir muid ar an stáitse é in Amharclann Chois Fharraige ar an Aoine an 4ú Feabhra '05 agus bhain an locht féachana an-taitneamh as. Bhí an teach lán go doras agus b'éigean daoine a chuir ón doras an oíche sin. Dúirt bean amháin a bhí sa locht féachana gurb é an teiripe is fearr a bhí aice le fada an lá mar gheall ar an méid gáirí a rinne sí. Is é a bhí ráite i bhFoinse na seachtaine sin ag an léirmheastóir *"Ní minic a théann mé chuig dráma agus go dtagann mé amach ag rá nach bhfuil bealach níos fearr ann chun dhá uair a chloig a chaitheamh"*.



Beartla Ó Flatharta agus Seosamh Ó Scanláin, Mar a Chéile Muid

Léirigh muid an dráma ar an gCeathrú Rua agus i gCill Chiaráin, Inis Oírr, Leitir Mealláin, Inis Meáin agus Ráth Cairn. Chomh maith leis sin, rinne muid léiriúchán speisialta do na seandaoine in Áras Mac Dara ar an gCeathrú Rua.

Áit ar bith a ndearna muid an dráma fuair muid ardmholadh ó chuile dhuine a chonaic é.

Tá muid tar éis cuireadh speisialta a fháil ón gcomhlacht *"Ár dTeanga Beo"*, i mBoston an dráma a léiriú ar an 29ú, 30ú agus 31ú Deireadh Fómhair i Halla Naomh Breandán, Dorchester, Boston. Tá muid ag obair go dian leis an turas seo a eagrú faoi láthair.

Oíche Johnny Chóil Mhaidhc



Bhí sé i gceist ag Cumann Drámaíochta Chois Fharraige go mbeadh saothair Johnny Chóil Mhaidhc ar an gcéad léiriú a dhéanfaidh siad san Amharclann nua i gCois Fharraige. Tháinig an Cumann Drámaíochta le chéile Meitheamh 2004 agus shocraigh siad ar an dráma *"Mar a Chéile Muid"* a léiriú agus chomh maith leis sin cairde Johnny a iarraidh isteach in éineacht leo le blaiseadh dhá shaothair ilgnéitheach a léiriú.

Dráma raidió ab ea *Mar a Chéile Muid* agus thóg ár gcar, Margó Uí Chonghaile, uirthi féin an dráma a chóiriú lena chur in oiriúint don stáitse. Ní túisce athchóiriú déanta ag Margó ar an dráma ná gur bualadh tinn í agus glaoth ar shlí na fírinne í mí na Samhna seo caite, go ndéanfa Dia trócaire ar a hanam. Fágadh an dráma ar leataobh ar feadh tamall ina dhiaidh sin.

I mí Feabhra 2005 tháinig an Cumann le chéile arís agus bheartaigh siad deireadh seachtaine do shaothair Johnny a léiriú in ómós do Johnny agus i ndilchuimhne ar Mhargó. Tháinig cairde Johnny le chéile agus phioc siad a rogha féin dá shaothar breá.

Ba í bean Johnny, Bríd, an chéad aoi ar an ardán agus d'aithris sí a rogha féin, *"an Chéad Dráma"* go bródúil agus go beacht. D'aithris Mairéad Bean Uí Chuaig an dán *Aongus* a scríobh sé faoin a mhac Aongus nuair a caitheadh ar an sop é agus is dán é seo a d'iarr Johnny féin don oíche. Thug Bridie Ní Churraoin agus Peadar Ó Cúláin siar ar bhóithrín na smaointe muid nuair a léirigh siad *Cailín an Chaisleáin Ghearr*, ceann do na litreacha a bhíthí ag scríobh ag Johnny ar Raidió na Gaeltachta fadó, nuair a bhíodh sé féin agus Máirtín Jaimsie ag déanamh *Angela MacNamara* dóibh féin le 'prablams' daoine.



An Triúr Daoi, Gearóid Breathnach, Máirtín Ó Dubhghaill agus Seosamh Ó Scanláin, Mar a Chéile Muid

Níor fágadh agallamh beirte Johnny as an áireamh ach an oiread. Go deimhin bhí sé deacair iad a roghnú. Thug Tom Sailí Ó Flatharta agus Josie Chólí Óg Ó Cualáin sárthaispeántas amach agus amach in *Fear na Tuaithe agus Fear na Cathrach* agus ní fhéadfadh muid dearmad a dhéanamh ar an dá chearc a tugadh aniar an bealach ar fad as Ros an Mhíl don ócáid! Bhí *Raiftearaí an File* ann, an t-agallamh beirte is fearr a scríobhadh riamh, léirithe ag an gcéad Raiftearaí, Páraic an Táilliúra Ó Conghaile agus bhí file Muimhneach ina theannta sa taispeántas seo, Eoghan Ó Riada.

An píosa eile a thaitnigh leis an lucht féachana ná Eoghan Mac Diarmada agus *Comhairle Oisín* dá aithris aige mar a scríobh Johnny dhó é nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois agus é ag glacadh páirt i Slógadh inar bhain sé gradam amach. Léigh Peadar Ó Cúláin píosa grinn, *Ól agus Am*, a scríobh Johnny dhó mar phíosa spraoi cúpla bliain ó shin. D'aithris Caitlín Pheidí agus Seán Ó Foighil na dánta *Cúl de Sac* agus *Pothole* agus chuir Danny Wallace bailchríoch le dánta Johnny nuair a d'aithris sé an saothar, *Galra Scioptha*.

I ómós do Johnny, scríobh Joe Steve Ó Neachtain dán nuachumtha don cheiliúradh agus bhronn aoi speisialta na hoíche, an tAire Éamon Ó Cuív, T.D. an dán sin agus an dán, *Fíor nó Bréag*, a scríobh Páraic an Táilliúra, ar bhean Johnny, Bríd. Ba é Máirtín Jaimsie a nasc na píosaí le chéile, rinne sé é seo go paiteanta spraoiúil agus cé eile a sheasadh ina chuid bróga leis an aithne phearsanta atá agus a bhí aige ar Johnny.

Sa dara cuid den chlár, léirigh an Cumann Drámaíochta an dráma, *Mar a Chéile Muid* inar ghlac

Beartla Ó Flatharta páirt *Pheadar*, Joe Scanláin (*Tom Súdaire*), Síle Ní Bhraonáin (*Mairéad*), Norita Ní Chartúir agus Colm Mac Donncha (*Tincéirt*), Seosaimhín Uí Shúilleabháin (*Siobhán*), Máirtín Mac Dubhghaill, Gearóid Breathnach agus Conall Ó Céidigh (*an triúr ar an Aonach*), agus ar ndóigh chuidigh an cúl-stáitse go mór leis an léiriú siad sin, Cabrini Ó Tuairisg, Brighid Breathnach, Eilín Brennan, Jean Uí Fhatharta, Sara Uí Scanláin, Máirín Uí Lochlainn agus Seán Ó Ráighne agus thug Coláiste Cholm Cille troscán le haghaidh na seite.

Mar gheall gur cuireadh daoine ó dhoras an deireadh seachtaine sin, tá sé i gceist ag an gCumann Drámaíochta an seó seo, *Gabha na bhFocal*, a léiriú arís roimh an Nollaig.

Ní raibh sa seó seo ach blaiseadh fíorbheag do scríbhneoireacht Johnny. A bhuíochas dó, beidh neart drámaí agus dánta agus agallaimh beirte le léiriú ag an gCumann Drámaíochta amach anseo.

Tá buíochas mór ag dul do chuile dhuine ina raibh lámh nó cois aige nó aice san léiriú seo, go háirithe Máire Ní Mháille nár laga Dia í. Don Chumann Drámaíochta, do chairde Johnny, Máirín Mhic Lochlainn agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Micheál Ó Conghaile as Cló Iarchonnachta, Danny Wallace a dhear an seit le pictiúir bhreátha do Johnny, agus do Mhargó Uí Chonghaile a chuir an dráma "*Mar a Chéile Muid*" in oiriúint don stáitse.

Máire Ní Mháille, Cathaoirleach an Chumainn
Bridie Ní Churraoin, Rúnaí an Chumainn

'Is fiú agus is féidir'

Mana Choláiste Chamuis

Máire Denvir



Tá 32 bhliain slánaithe ar an bhfód i mbliana ag Coláiste Chamuis. Bunaíodh an Coláiste thiar i 1973 leis an mana is “Is fiú agus is féidir”. Tá oifig an Choláiste bunaithe anois sna hAille in Indreabhán agus reachtálann an Coláiste cúrsaí sa Tulaigh, i Ros an Mhíl agus ar ndóigh i gCamas féin. Tá ionad dár gcuid féin, *Teálta na hÓige*, tógtha ar an mBaile Láir i Ros an Mhíl ag an gColáiste. I samhradh na bliana 2005 d’fhreastail os cionn 1,300 scoláire ar an gColáiste. D’fhan siad sna tithe lóistín áitiúla a bhfuil 52 acu cláraithe leis an gColáiste agus iad scaipthe ó na Creagáin i gceantar Indreabháin go dtí Leitir Móir na Coille i gceantar Chamaís. Chomh maith leis an méid sin scoláirí, bíonn ar a laghad 60 ball foirne ag obair don Choláiste, ó gach ceard don tír.

Thiar sa mbliain 1973, bhí 52 scoláirí agus beirt mhúinteoirí agus deich líon tí páirteach san obair. Chreideadar gurbh fhiú scoláirí a thabhairt go dtí an Ghaeltacht chun go gcuirfidís eolas ar a ndúchas agus ar an teanga i dtimpeallacht ina raibh sí á labhairt go nádúrtha mar theanga an teallaigh agus an phobail mórthimpeall. Gaeltacht an-difriúil a bhí ann an t-am sin cé nach bhfuil sé ach achar gairid blianta ó shin. Bhí glan-Ghaeilge

sa nGaeltacht agus bhí tú in ann rothaíocht ar na bóithre faoi aer glan an tsaoil. Go deimhin, is ar rothair a thaistealaíodh na scoláirí ó Mhuiceanach idir Dhá Sháile go Camas nó ó Ghleann Trasna go Camas. Bhí na tithe i bhfad níos lú, bhí na scoláirí i bhfad níos éasca a shásamh, mar b’shin mar a bhí an saol. Ní cuimhin linn aon chaint ar ghlasraitheoirí ná ar bhia speisialta ach tar éis an taistil fhada ar rothair b’iontach blasta a bhíodh an bagún

agus an ghabáiste! Ní raibh caint ar sheomraí speisialta sna tithe, níor cluineadh an focal *en-suite*, ach bhíodh caidreamh iontach idir na scoláirí agus lucht na dtithe lóistín agus na scoláirí i gcónaí ar bís ag cur le stór a gcuid Gaeilge. Mhair na scoláirí beo gan aon ghlaochanna gutháin. Ní raibh caint ar na fónanna póca. Bhí bosca teileafóin amháin i gCamas agus ba mhinicí ná a mhalairt nach mbíodh sé ag obair. Ach d’imigh sin agus tháinig seo, agus mar a deir an seanfhocal, ‘Bí sa bhfaisean nó fág an tír’.

Má tá Coláiste Gaeilge chun maireachtáil sa lá atá inniu ann caithfidh tú a bheith i lár an aonaigh. Caithfidh na háiseanna is nua-aimseartha, idir áiseanna teagaisc pictiúrtha, closamhairc agus leictreonacha a bheith ar fáil sa gColáiste. Tá rialacha dochta daingne tagtha sa gcóras nach raibh trácht ar bith orthu roinnt blianta ó shin. Is maith mar a thuigeann lucht lóistín Choláiste Chamuis, chomh maith le mná tí na hÉireann, na hathruithe sna rialacha le blianta beaga anuas. Is dócha gur féidir a rá gur chun leasa an scoláire agus an chórais a

an scoláire agus an chórais a bhíonn na dianrialacha seo. Ach cosnaíonn siad muintir na dtithe lóistín freisin agus tuigean gach duine a dhualgas féin dá bharr seo.

Ag an am céanna caithfear a bheith cúramach nach gcuirfidh an iomarca rialacha bac ar dhul chun cinn ná go ndéanfaí dearmad ag am ar bith ar chúis bhunaithe na gColáistí Gaeilge, mar atá, dul chun cinn na Gaeilge. Caithfear cuimhniú gur féidir le Coláiste nach bhfuil polasaí láidir Gaeilge aige dochar gan áireamh a dhéanamh (i) do dhearcadh na scoláirí a thagann go dtí an Ghaeltacht agus nach bhfaigheann luach a gcuid airgid; (ii) d'aos óg agus do phobal na Gaeltachta a fhaigheann drochshampla maidir le hiompar teanga; agus (iii) do ghluaiseacht na gColáistí Gaeilge a bhfuil an oiread sin tábhachta léi, ó thaobh oideachais agus sealbhú agus buanú na Gaeilge de.

Tionchar

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil an-bhaint ag Coláistí mar Choláiste Chamuis le staid agus stádas na Gaeilge sna ceantair ina bhfuileadar ag feidhmiú. Tá sé spéisiúil gurb é ceantar Chamais ceann de na ceantair is láidre sa tír ó thaobh dheontas labhairt na Gaeilge de, cé nach bhfuil aon tionscal eile ag feidhmiú sa gceantar. Tugann an Coláiste Gaeilge cúis do na teallaigh an Ghaeilge a labhairt, agus feiceann siad na scoláirí óga sin a bhíonn chomh santach ag cur eolais agus

ag fáil tuisceana ar an oidhreacht bheo sin atá againne sa nGaeltacht. Ina theannta sin, ar ndóigh, tugann an Coláiste saothrú suntasach bliantúil do ghnáthmhuintir na



Gaeltachta agus freastalaíonn siad go minic ar cheantair nach bhfuil ar na mórbealaí turasóireachta.

Tá gné na heacnamaíochta de thionscal na gColáistí thar a bheith suntasach go háirithe má chuirtear san áireamh infrastruchtúr agus míbhuntáistí eacnamaíochta na gceantar ar nós cheantar Choláiste Chamuis. Gné an-suntasach d'ioncam na dtithe lóistín, idir a n-íocann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus a n-íocann an Coláiste, is ea go n-íoctar go díreach é le muintir an tí agus níos minicí ná a mhalairt le bean an tí. Fágann sé sin neamhspleáchas áirithe airgid ag an mbean tí a roghnaíonn fanacht sa mbaile chun a clann a thógáil agus gan dabht ardaíonn sé caighdeán maireachtála na dteallach sin. Tá tábhacht bhunúsach freisin lena n-íoctar le seirbhísí áitiúla—comhlachtaí taistil, siopaí, óstáin, tábhairní, garáistí, lucht ceirde, dochtúirí,

poitigéirí, clódóirí, foilsitheoirí agus déantúsóirí de chuile chineál, gan trácht ar na hallaí áitiúla agus na scoileanna áitiúla. Cuidíonn an Coláiste Gaeilge le cruthú agus le buanú fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta.

Ó thaobh an stáit de, creidim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go leanfaí ar aghaidh le tacaíocht cheart a thabhairt do na Coláistí Gaeilge. Creidim go bhfuil sé in am smaoineamh ar na Coláistí a chur faoi chúram aon Roinn amháin Stáit freisin. Faoi láthair, tá ranna éagsúla stáit ag plé le gnéithe éagsúla de na Coláistí rud a fhágann go mbíonn sé deacair in amanna comhordú ceart a dhéanamh ar an obair. Tá rud amháin cinnte ó thaobh an Choláiste Gaeilge de, áfach: má ritear i gceart é agus má leantar na rialacha atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, cabhróidh an Coláiste Gaeilge go mór le hinmharthanacht na Gaeilge sna ceantair ina bhfuil siad ag feidhmiú. Tionscal a chuireann beocht sa gceantar, a ghineann ioncam suntasach do mhuintir na háite, a dhéanann mná na háite iontach neamhspleách, ina mbíonn an bhéim an t-am ar fad ar ghríosadh, ar mhúineadh, ar fhoghlaím, ar shealbhú, ar mhaireachtáil na Gaeilge agus ar bhuanú ár n-oidhreacht agus ár dtraidisiún féin agus é sin a scaipeadh ar fud na hÉireann—ní fhéadfadh éinne a rá ach gur fiú agus gur féidir é sin a dhéanamh!

Amharclann Chois Fharraige

SEANSCOIL SAILEARNA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593017 Facs: 091-593715
Ríomhphost: cst@eircom.net

Ócáid Oidhreacht 2005

Reáchtáil Cumann Forbartha ócáid oidhreacht a bhí an-spéisiúil i Seanscoil Shailearna ar an Sathairn an 19 Márta 2005. Cuspóir na hócáide ab ea léiriú a thabhairt don phobal ar na traidisiúin déantóireachta, ar an mbéaloideas, ar thithe mar a bhíodh, agus ar sheanuirlisí, seanghléasanna ceoil, srl. Bhí an taispeántas ar siúl ón 11.00 go dtí 17.50 agus níos déanaí an oíche sin, tugadh cuireadh don phobal freastal ar léacht a thug An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ar an ábhar ‘Cearta Teanga! An Ród Seo Romhainn.’



Tús maith leis an eolas oidhreacht

I measc na dtaispeántais bhí bailiúchán béaloidis ó scoileanna Chois Fharraige, caoladóireacht ag Vincent Mc Carron ó Árainn, bailiúchán uirlisí agus gléasanna ceoil ag John Bhaba Jeaic, taispeántas iontach de bháid bheaga a rinneadh ag ranganna Pastime Chonamara agus taispeántas deileadóireachta. Bhí ranganna déanta duán, bailiúchán de sheanghrianghrafanna de thithe ceann tuí sa bparóiste a ghlac Ruairí Ó Baoill sa mbliain 1982 – bailiúchán ar chuir an pobal suim mhór ann – agus taispeántas de phictiúir i bhfrámaí de na tithe céanna.

Rinne an pobal freastal ar an dtaispeántas ó mhaidin go tráthnóna agus bhí slua breá i

láthair an oíche sin in amharclann na Seanscoile don léacht a thug an Coimisinéir Teanga. Lean seisiún fada ceistenna agus freagraí an léacht agus ba léir gur chuir an pobal suim mhór san ábhar.

Tar éis an tseisiúin sin cuireadh ceapairí, soláistí eile agus deochanna ar fáil agus bhain chuile dhuine an-sult as an oíche. Bhí an-áthas ar an gCumann Forbartha gur tháinig Cathaoirleach Ghlór na nGael, An Dr Máire Nic Annracháin, ó Bhaile Átha Cliath go dtí an ócáid agus gur labhair sí leis an slua a bhí i láthair ag an léacht. Tá an Cumann Forbartha an-bhuíoch do Patricia Ní Chonghaile, Ghlór na nGael, a thug cúnamh mór duinn leis an taispeántas a ullmhú agus d’Údarás na Gaeltachta as a thacaíocht d’ócáid an léachta.



Bhí teach ann fadó, agus is fadó bhí ...

Meallta ag Coláiste Lurgan

Criostóir Mac Dubhail

Nuair a tháinig mé go Coláiste Lurgan i dtosach mar dhéagóir, 10 mbliana ó shin, bhí mé fíor-neirbhíseach. Bhí mé as baile den chéad uair, ní raibh aithne agam ar dhuine ar bith a bhí ar an gcúrsa agus bhí chuile dhuine ag caint liom i dteanga nár thuig mé mórán de. Ní raibh mé ag iarraidh fiú teacht chun na Gaeltachta, bhí mo thuismitheoirí tar éis áit a fháil dom ón liosta feithimh a bhí ag an gColáiste de bharr gur tharraing duine éigin eile as. Is dóigh liom nár labhair mé mórán sa gcéad tseachtain – bhí eagla orm go labhróinn as Béarla i ngan fhios dom féin agus go gcuirfí abhaile mé!

Tar éis cúpla lá áfach, d'éirigh gach rud i bhfad níos éasca – thuig mé céard a bhí ar siúl thart timpeall orm, thuig mé céard a bhí á rá ag daoine agus thosaigh mé ag baint taitnimh as an gcúrsa mar gheall gur thuig mé go raibh go leor daoine eile cosúil liomsa ann, nach raibh mórán Gaeilge acu agus a raibh orthu iarracht a dhéanamh.

Bhí bean a'tí álainn againn agus réitigh chuile dhuine sa teach go maith le chéile, rud a chabhraigh go mór linn mar níl sé éasca 14 buachaillí a bheith i dteach ar feadh trí seachtainí mura n-aontaíonn siad lena chéile. Thaitin chuile ghné den chúrsa liom – seachas b'fhéidir go raibh orm éirí róluath ar maidin. Anuas air sin bíonn níos mó cailíní i gcónaí ar chúrsa Gaeilge ná leaids, rud a thaitníonn leis na buachaillí uilig!

Tionchar

Is dóigh liom gurb é an rud is mó a chuaigh i gcion orm ar an gcéad chúrsa sin – seachas na cailíní – ná go raibh an Ghaeilge in úsáid go laethúil againn mar theanga bheo cumarsáide. Fiú i gcaitheamh na ranganna, bhí sé i bhfad níos nádúrtha Gaeilge a úsáid ná mar a bhí sé ag an scoil sa mbaile. Anuas air sin, bhí níos mó i gceist seachas ábhar leadránach scoile, bhí muid ag labhairt na Gaeilge seachas dánta agus aistí a fhoghlaim de



ghlanmheabhair mar a bhíonn ar siúl i mbeagnach chuile scoil sa tír. Mhóthaigh mé go raibh dul chun cinn á dhéanamh agam nuair a bhí mé in ann dul amach ar an uisce ag cadhcáil nó dul ag rianóireacht go hiomlán trí mheán na Gaeilge mar shampla.

Difríocht

Ba léir dom, fiú ag an am sin, go raibh difríocht mhór idir a bheith in ann briathra a aithris sna haimsirí éagsúla ar scoil agus iad a úsáid i gcomhthéacs laethúil le go dtuigfidh daoine eile thú. Sílim gur locht mór é seo ar shiollabas Gaeilge na scoileanna – agus fiú na n-ollscoileanna – go bhfuil daoine in ann píosa filíochta 200 bliain d'aois a athscríobh nó a aithris gan fiú é a thuiscint ach nach bhfuil siad in ann a rá i nGaeilge chruinn cheart céard a rinne siad inné. Caithfear dearcadh na ndaltaí scoile i leith na Gaeilge a athrú, rud nach dtarlóidh trí a bheith ag léamh saothar ar nós *Peig*.

Lean mé liom ag filleadh ar Choláiste Lurgan chuile shamhradh ina dhiaidh sin. Tháinig mé ar ais mar chinnire, mar chúntóir agus ansin mar mhúinteoir.

Taitneamh

Bhí an chraic thar barr! Thaitin Conamara i gcónaí liom ón uair a bhí mé an-óg, chaith muid go leor ama gar don Chlochán i rith na laethanta saoire agus mar sin bhí mé i gcónaí thar a bheith sásta go raibh mé in ann trí mhí sa samhradh a chaitheamh sa Ghaeltacht – cé nach mbíodh an aimsir thar mholadh beirte i gcónaí, ach sin Conamara. Dá mbeinnse ar thóir na gréine, bheinn imithe chuig an *Costa del Sol* i bhfad ó shin.

Buntáiste mhór amháin a bhaineann le post mar chúntóir nó mar mhúinteoir dar liom, ná gur féidir dul amach istoíche, agus ar bhealach d'fhoghlaim mé i bhfad níos mó Gaeilge ag "staidéar" i bpubanna Chonamara ná mar a d'fhoghlaim mé sa seomra ranga agus mé ag dul ar scoil sa mbaile! Dá mbeadh a fhios sin ag daltaí scoile agus iad á réiteach féin i gcomhar scrúdú cainte na hArdteiste bheidís uilig ag dul chuig *grinds* sa bpub chuile oíche bheo!

Is léir go dteastaíonn go leor réamhullmhúcháin le cúrsa maith Gaeilge a chur ar fáil ach mar scoláire níor thuig mé a leath. Ní hamháin go bhfuil an cúrsa le hullmhú maidir leis

na scoláirí, le lóistín agus leis an bhfoireann, ach anuas air sin i gColáiste Lurgan cuirtear an t-uafás oibre isteach ag réiteach na ranganna – fiú sula dtosaíonn scrúduithe na Nollag don dream a bheas ann an samhradh dár gcionn! Cuirtear na ranganna uilig le chéile mar aonaid cheachtanna le héagsúlacht san ábhar agus sa gcur i láthair ionas go bhfuil an dalta in ann taitneamh a bhaint as an rang fad is atá sé nó sí ag foghlaim fiú i ngan fhios dóibh féin.

Cúrsa Nua

Sheol an tAire Airgeadais, Brian Cowen, cúrsa nua ilmheánach Choláiste Lurgan i mbliana, agus tá sé soiléir go ndeachaigh an cúrsa nua i gcion ar scoláirí na bliana seo – cuirtear gach ceacht i láthair ar scáthlán mór sa seomra ranga, úsáidtear fístéipeanna agus míreanna fuaime, agus faigheann na daltaí uilig leabhar daite agus trí dhlúthdhiosca a théann leis agus iad ag dul abhaile.

Is cuid lárnach den chúrsa nua an Teanglann, agus is ansin a bhínn féin ag obair i rith na tsamhraidh. Cuireadh an Teanglann isteach

anuraidh – 15 ríomhaire leis na bogearra is nua ó thaobh foghlaim teanga de. Caitheann gach scoláire réamh-ardteiste ar a laghad 4 nó 5 rang sa Teanglann i gcaitheamh an chúrsa ag déanamh obair phraiticiúil don scrúdú cainte a bheas aige nó aice mar chuid den Ardteist. Sábháiltear obair na scoláirí uilig ar na ríomhairí le linn an chúrsa agus cuirtear le chéile ag an deireadh é ar dhlúthdhiosca d'fhonn is go rachaidh siad abhaile le dlúthdhiosca pearsanta dóibh féin – a nglórtha féin ag labhairt na Gaeilge agus ag freagairt na gceisteanna céanna is a bheadh i scrúdú cainte. Dar ndóigh is léir gur mór an cúnamh an dlúthdhiosca seo agus iad i mbun ullmhúcháin don scrúdú cainte cúpla mí ina dhiaidh sin. Taitníonn an Teanglann leo mar tá siad in ann Gaeilge a fhoghlaim i mbealach atá nua-aimseartha amach is amach, agus tá sé éagsúil ón gcur chuige traidisiúnta atá ag rang Gaeilge.

Éagsúlacht

Is dóigh liom gurb é an focal “éagsúlacht” is mó a chuireann síos

ar Choláiste Lurgan domsa. Tá éagsúlacht le feiceáil sa mheon agus sa gcur chuige atá ann ó thaobh mhúineadh teanga de – is cinnte nach ionann é agus áit ar bith eile sa tír. Tá éagsúlacht sna ranganna agus chomh maith leis sin sa réimse spóirt agus imeachtaí a chuirtear ar fáil – cispheil, eitpheil, cadhcáil, rothaíocht, snámh, comórtais amhránaíochta agus damhsa agus tuilleadh. Oibríonn an Coláiste leis an eagraíocht charthanachta Goal agus bailíonn na scoláirí go leor airgid le linn na gcúrsaí chun cúnamh a thabhairt do pháiste bochta i Nairobi nó i mBosnia mar shampla, tríd an siopa Goal sa gColáiste a úsáid nó trí cóip a cheannach de *Chuimhní Gaeltachta*, dlúthdhiosca de cheol Gaeilge a d'eisigh Coláiste Lurgan i 2002.

Cuireadh chuig an nGaeltacht mé ag an tús le Gaeilge a fhoghlaim ach tháinig mé abhaile le i bhfad níos mó ná briathra neamhrialta agus an tuiseal ginideach – cuireann Coláiste Lurgan níos mó ar fáil ná díreach teanga a fhoghlaim sa seomra ranga agus dearmad a dhéanamh uirthi i rith am sosa.

An Poitín Stil

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

**An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe**

Fón: 091-593114


**Buail isteach agus lig do scíth
Beidh Fáilte Romhat!**

Capaillíní Chonamara



Cé go bhfuil daoine ag plé le capaillíní Chonamara i gceantar Chois Fharraige le blianta fada, tá borradh thar cuimse tagtha leis an gceird sna blianta beaga seo anuas agus bhí an bhliain seo caite thar barr ar fad, ó thaobh comórtais agus duaiseanna de. Bhí an-bhliain ag Seánín Willy Ó Fátharta as na hAille agus ag Máirín agus Gerry Ó Gríofa as Cor na Rón a bhuaigh roinnt mhaith duaiseanna ag na Seóanna éagsúla a bhí ar siúl i rith an tsamhraidh.

Bhuaigh capall le Seánín, *Inverin Boy*, an Chraobh Shóisearach ag an Seó a bhí ar an gCaiseal, agus ag Seó an Chlocháin bhuaigh a chapall, *Inverin Rocky*, an Chraobh Shóisearach do staileanna 3 bliana chomh maith leis an dara háit san iomlán a fháil sa bpríomhChraobhchomórtas.

Ar ndóigh, ní ón ngaoth a thug Gerry Ó Gríofa an tsuim atá aige sna capaill, mar bhí é a sheanathair, Coleman Conneely (Cóil Learaí) as Baile na hAbhann ar dhuine den dream a bhuaigh duais ag an gcéad 'Connemara Pony Show' a reáchtáiladh i gCloch na Rón i 1924, gan trácht ar na duaiseanna eile a bhuaigh sé i gcaitheamh a shaoil.



Banríon na Féile, Lavinia Bray; an tAire Stáit, Frank Fahy; Áine Uí Fhátharta; Robbie Fallon; Seánín Willie Ó Fátharta agus a chapall, *Inverin Rocky*, ag Seó sa gClochán i mbliana



Ar barr:
Gerry Ó
Gríofa agus a
chapall
*Atlantic
Collette*, tar
éis Corn
Sheáin Uí
Fheinneadha a
bhuachaint ag
Seó an Spidéil 2004.

Sa lár: Buaiteoirí ag Seó na gCapall ar an Sraith Salach, 1925. Seans maith go bhfuil fear na Tulaí, Cóil Learaí, ina measc más féidir é a aithint, mar bhuuigh sé duais an lá sin freisin (tá clúdach Clár an Lae ar dheis).

Ar chlé: Gerry Ó Gríofa agus a shearrach fireann, *Comarone Shanna Star*, in éineacht le Séamas Keady, nuair a bhuuigh sé Corn Cuimhneacháin Michael Clancy.

Ceiliúradh Órga an Athair Colm

Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Bhí oíche mhór againn ar an gCnoc Dé hAoine, an 22ú lá de Dheireadh Fómhair, 2004. Ócáid áthais chomh maith le ceiliúradh buíochais a bhí i gceist ag Pobal Chois Fharraige agus iad ag comhcheiliúradh a Iubhaile Órga leis an Athair Colm Ó Ceannabháin sa mbaile ar a fhód dúchais fhéin.

Bhí trí ionad eagraithe don cheiliúradh:-

- Séipéal Naomh Ainnín an Chnoic – áit inár léigh sé a chéad Aifreann leathchéad bliain ó shin.
- An Halla mór i Scoil Sailearna le béile ceiliúrtha a chaitheamh in éineacht leis an bpobal.
- Seanscoil Sailearna, áit a ndeachaigh Colm ar scoil den chéad uair agus a bhí réitithe agus maisithe don oíche áirneáin, seanchais, amhránaíochta, filíochta agus damhsa i ndiaidh an bhéile.

Bhí an séipéal lán go doras, an carrchlós ag cur thar maoil agus é eagraithe chomh maith sin ag foireann “FÁS” nach raibh oiread is carr-spás fágtha folamh – an séipéal sciúrtha agus maisithe ag Coiste an tSéipéil, clog an tSéipéil ag bualadh go sollúnta le macalla ceiliúrtha, cór an tSéipéil le ceol binn in ard a ghutha nuair a



shiúil an tEaspag isteach le scór sagart a bhí in éineacht leis le hAifreann buíochais a chomhcheiliúradh agus an tAthair Colm mar phríomhcheiliúraí.

Chuir Colm fáilte roimh chuile dhuine agus leag sé béim ar údar an cheiliúrtha. Thapaigh sé a dheis le hinseacht go raibh sé in ann a bhuíochas a chur in iúl do Dhia, dá mhuintir is don phobal as ar fáisceadh é faoi bhronntanas an chreidimh a thug Dia dhó ag Umar an Bhaiste i

Séipéal Naomh Ainnín ar an gceathrú lá de Mhárta, 1928. Chaintigh sé chomh maith ar an gcabhair a thug a mhuintir agus a phobal dó a chreideamh a fhorbairt agus faoin sláinte agus na grástaí a thug Dia dhó le leathchéad bliain a chaitheamh ina shagart ag freastal ar phobal na deoise. Ba é an tEaspag féin, ina sheanmóir, a chuir craiceann ar sheirbhís Choilm don deoise i chuile pharóiste inár fhreastal sé ina shagart dílis.

Moladh

Bhí Pobal an Chnoic chomh suimiúil le cat siopa agus cluas ghéar ar chuile dhuine ag éisteacht le moladh an Easpaig faoin ngaisce a bhí déanta ag an Sagart Ó Ceannabháin, na hAille óna phobal féin. Bhí an tAifreann buíochais go hálainn – chuile shórt ar fheabhas. Ba mhór an spóirt é. Chuir an tAth. Colm barr feabhais air nuair a dúirt sé óna chroí an dán buíochais seo leanas a bhí cumtha aige an oíche roimhe sula bhfuair an néal codlata an ceann is fearr air.

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Buíochas ó chroí leat, a Íosa
Sa mainséar i do luí ar leaba tuí
Slánaitheoir an chine dhaonna.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
A baisteadh in Abhainn na hIordáine.
An áit ar lig tú le sruth peacaí an tsaoil
Agus ar fhág tú Sátan fuar folamh.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Leis an lánúin ag bainis Chána.
Den fhíon a bhí gann thug tú dóibh lán
Agus shábháil tú don lánúin a náire*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Ar chnoc Tabor le Maois is an fáidh.
Mar 'spáin tú do ghlóir le misneach a thabhairt
Do na hAspail is gach n-aon de chlann Éabha.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Sa seomra uachtair in éineacht lena chairde;
Mar ar cheiliúr sé féile na nGiúdach sna náisiún
Agus d'fhág an tUan Cásca a'inn mar oidhreacht.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Ag fulaingt pian ghártha na Páise
Á chur ins an uaigh ag fanacht le bua
An aiséirí glórmhar lá Cásca.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
A d'fhág a'inn an tAifreann le hofráil,
Le hadhradh is grá agus cúiteamh go fial
A thabhairt don Athair Síoraí ón Ádhamhchlann.*

Canadh an *Te-Deum* ag deireadh an Aifrinn agus chuile dhuine sa séipéal ag déanamh iontais go raibh togha na Gaeilge ag an sagart mór le rá as Contae Mhaigh Eo a chas ó thús go deireadh é.

Béile Mór

Bhuail muid uilig siar tar éis an Aifrinn go halla na scoile, san áit a raibh béile réitithe agus áit le suí do 300 ag na boird. Bhí rogha gach bia agus togha na fíona faoi réir don phobal. Thapaigh daoine as Iorras Aithneach a ndeis le héachtaí Choilm thiar a mholadh go glórach agus le deireadh a chur leis an mbéile iarradh ar Cholm an leathchéad de choinnle beaga a Iubhaile a mhúchadh in aon séideadh amháin agus an cáca Iubhaile a ghearradh. Chruthaigh Colm nach raibh aon ghiorracht anála air agus ar ndóigh b'fhurasta a aithint go raibh níos mó cleachtadh ag an bhfear beadaí ag caitheamh siar greim den cháca ná á

ghearradh le scian. Chuir an béile mór agus an gháilleog bhreá fíona an comhlúadar i ngiúmar maith don siamsa sa seanscoil.

Bhí ceoltóirí as Cois Fharraige, Carna, agus Co. an Chláir faoi réir sa seanscoil le tús a chur leis an gcóisir cheiliúrtha. Bhí Joe Steve ina fhear tí agus mheall sé amhrán as na hamhránaithe cáiliúla go léir a bhí i láthair. Oíche mhór áirneáin go maidin a bhí ar siúl idir fhilíocht, seanchas, béaloideas, ceol, damhsa is amhráin. Ba é an tAth. Colm é fhéin a thug an chraobh leis lena amhrán binn álainn. Do réir a chéile chuaigh an ceol i bhfeidhm air agus ba ghearr go raibh cláracha an urláir á lúbadh faoina chosa agus chruthaigh sé nach é a ghuth amháin a fuair bua an cheoil agus b'fhurasta a aithint go raibh ceol ina chosa. Oíche mhór cheiliúrtha go maidin a bhí ann agus ba é Colm an duine deireannach ag dul abhaile agus múnóga móra allais ag titim go tiubh óna bhaithis.

Is fíor-chorruair a mbíonn sagart ar ais ag obair ina pharóiste dúchais taréis leathchéad bliain a chaitheamh ag freastal ar phobail eile sa deoise. An rud is annamh is iontach ach nach fearr go mór an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar.



Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 091-593303

Troscán & Soláirtí Oifige



An Grúpa Líadan

Mí Feabhra 2004, bhí ceathrar ban óg ag suí in aon seomra amháin i dteachín beag i Luimneach ag casadh ceoil agus ag gabháil fhoinn. Bhí mé féin, Valerie Casey, Deirdre Chawke agus Sarah Jane Woods ann ag baint taitnimh as an gcomhlúadar agus as an gceol, gan duine ar bith ná rud ar bith ag cur isteach ná amach orainn. 'Nach mbeadh sé iontach é seo a dhéanamh an t-am ar fad,' a deir Valerie, agus níor ghá di rud ar bith eile a rá.

Ghlaoigh muid ar bheirt eile, Claire Dolan agus Elaine Cormican, agus cuireadh an grúpa le chéile. Chuaigh muid i dteagmháil le Taibhdhearc na Gaillimhe an lá dár gcionn agus

idir shean agus nua, ag fanacht dílis don traidisiún agus don dúchas. Seinneann an grúpa meascán de cheol mall agus tapaídh (gan dul thar fóir leis an luas!), ag díriú ar chóirithe atá

ná fliúit, feadóg stáin, dhá fhidil, cláirseach agus cairdín pianó. Bíonn an seisear againn ag gabháil fhoinn freisin, go haonarach agus in éindí.

Ón gcéad cheolchoirm sin tá cuid mhaith den tír agus píosa deas den domhan siúlta againn le chéile mar ghrúpa. Tá ceolchoirmeacha déanta againn ag Folk Festival Chorcaigh, Dolan's (Luimneach), Scoil Gheimhridh Merriman (Co. an Chláir), Whelan's (Baile Átha Cliath), Seanscoil Sailearna (Indreabhán), Pepper's (Fiacail, Co. an Chláir) agus Oireachtas na Gaeilge (Leitir Ceanainn). Fuair muid cuireadh casadh don Uachtarán Máire Mhic



Ag gabháil fhoinn i bPáras

shocraigh muid go mbeadh an chéad cheolchoirm againn ansin ar an dara lá de Bhealtaine. Baisteadh 'Líadan' ar an ngrúpa agus thosaigh muid ag obair ar an gceol.

Dóibh siúd nár chuala an grúpa ag casadh, ní miste cur síos beag a dhéanamh ar an gceol. Seinneann muid ceol agus amhráin traidisiúnta na hÉireann,

binn, ceolmhar agus cruthaitheach. Tá amhráin thraidisiúnta i nGaeilge agus i mBéarla againn freisin, agus cé go ndéantar cóiriú ar na hamhráin le huirlisí agus le harmóin, tá dúchas agus fréamhacha na hamhránaíochta sean-nóis agus na hamhránaíochta traidisiúnta Béarla go mór chun cinn. Is iad na huirlisí atá againn

Giolla Íosa mar chuid de scoil Shamhraidh Oideas Gael i nGleann Cholm Cille. Iarradh orainn freisin a bheith mar ambasadóirí d'Ollscoil Luimnigh ag ócáid a d'eagraigh Fondúireacht na hOllscoile i Florida. Mí Bealtaine na bliana seo, chas muid ag ócáid a d'eagraigh Féile Idirnáisiúnta Lorient do na meáin i bPáras na Fraince agus d'éirigh linn an comórtas don ghrúpa is fearr a bhuachaint ag an bhFéile i Lorient i mí Lúnasa. D'éirigh linn an chraobh a thabhairt linn chomh maith ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pancheilteach i dTrá Lí. Chaith muid cuid den samhradh seo ag taifeadadh ár gcéad dlúthdhiosca i Stiúideo Cuan sa Spidéal agus le cúnamh Dé beidh sé ar fáil roimh Nollaig. Bígí ag faire!

Síle Denwir

Imeachtaí sa Seanscoil 2005

Aisteoirí Chois Fharraige

Cleachtadh Drámaíochta & Léiriú ar an Dráma 'Go nDéantar do Thoil'

Coláiste Cholmcille

Cleachtaí Drámaíochta

Aisteoirí an Spidéil

Léiriú Dráma – 'Abair Amach É'.

Fíbín

Cleachtadh Drámaíochta agus léirithe do na Coláistí Gaeilge.

Cúrsaí

Teastas Dóiteán
Leabharchoimeád

Seó Drámaíochta do ghasúir

Branar Teo.

Cúrsa Damhsa ar an Sean-nós

le Róisín Ní Mhainín & Seó Damhsa

Imeachtaí de chuid Cúirt Festival

Acadamh na hOllscolaíochta

Gaeilge

Ranganna Gaeilge
Ranganna Ríomhaireachta
Ranganna Ríomhaireachta don Aosach.

Pléaráca

Ciorcal Scríbhneoireachta
Féile Litríochta – Fuint Focal & Ceolchoirm

Úsáid mar áis scannánaíochta

'Fear an Phoist' TG4

Clár Faisnéise

ar John Beag Ó Flatharta do TG4

Coirm Cheoil

Líadan
Maigh Seola
Cór Chúl Aodha

Éigse an Spidéil.

Scoil Náisiúnta Sailearna

Oícheanta Béaloideas

Cumann Béaloideas Chonamara

Lá Oidhreacht

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Seisiúin Ceoil

Campaí Samhradh

'Beocht'
'Spreag an Óige'
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

'Beo go Deo'

Filimíne Uí Dhubhghaill

An GaelAcadamh

Ranganna Bosca Ceoil
Ranganna Fidle
Ranganna Amhránaíocht ar an Seanós

Ceardlann Drámaíochta

Na Crosáin

Léacht ar 'ADHD'

An Bord Sláinte

Oíche Eolais

Meitheal Forbartha na Gaeltachta

Lá Oscailte

Gaeltacht i gCéin

Ionad Cruinnithe do:

Coiste Naíonra Chois Fharraige
Coiste Naíolann Sailearna
Coiste Bainistíochta CST
Cumann Forbartha Chois Fharraige
Cumann Lúthchleas Gael
Cumann Mhicheál Breathnach
Coiste na nÓg
Club Sacair Chois Fharraige



*Campa Samhradh
ar thuras chuig Gáirdín Bhríde.*

Club Óige Lurgan

le Caitlín Uí Fhinneadha agus Máirín Mhic Lochlainn

Tá Club Óige Lurgan faoi lán tseoil i gcónaí, agus bhí os cionn ceithre scór ball ann an geimhreadh seo caite. Déanann aos óg an cheantair, ó dhá bhliain déag suas go seacht mbliana déag, freastal ar an gclub gach uile oíche Aoine ó Mheán Fómhair go Bealtaine. Píocann na baill cinnirí iad fhéin le imeachtaí an chlub a reáchtáil i dteannta tuismitheoirí, a oibríonn ar bhun deonach faoi mar a rinne an dream a chuaigh rompu. Bíonn go leor imeachtaí difriúla ar siúl i rith na bliana, ó a bheith páirteach i gcomórtais Oireachtas i dtús na bliana go dtí lá bailiú bruscair ag deireadh na bliana.

D'éirigh thar barr leis na hiomaitheoirí a chuaigh chuig an Oireachtas i Leitir Ceanainn anuaraidh, agus tháinig siad abhaile le roinnt mhaith coirn agus duaiseanna. Bhuaigh siad comórtais Agallaimh Beirte, Scéalaíocht, Amhránaíocht, Litríocht, chomh maith le theacht sa gcéad áit lena Seó Ardáin. Chomh maith leis sin, chuir siad oíche speisialta ar siúl i Seanscoil Sailearna lena gcuid buanna ealaíonta - ar a bhfuair siad duaiseanna Oireachtais - a thaispeáint dá gcuid tuismitheoirí, cairde agus gaolta. Bhain an dream a ghlac páirt sna

comórtais an-sásamh go deo as a gcuart ar Leitir Ceanainn, agus go deimhin fhéin bhain na cinnirí a bhí ina dteannta an-sásamh as freisin.

Béasach

Ba mhór an bród dhóibh chomh dea-bhéasach is a bhí an t-aos óg ar fad a thaisteal ar an mbus agus a d'fhan sa mBrú Óige. Nár laga Dia sibh - bhí anspraoi agus an-spórt acu agus go deimhin bhí sé tuillte go maith acu. Chomh maith leis seo ar fad ní raibh cás ná náire ortha an Gaeilge a labhairt an t-am ar fad, ag comórtais, ar na

sráideanna Leitir Ceanainn, ag an gCéilí Mór oíche Déardaoin agus ag Dioscó mór na hAoine - coinnígí suas é!

Imeachtaí

Imeasc na n-imeachtaí a bhíonn ar siúl i rith mhíonna an gheimhreadh agus an earraigh, bíonn leadóg boird, sacar, púl agus caitheamh saighead, chomh maith le damhsa nua-aimseartha, agus an geimhreadh seo caite d'fhoghlaim cuid de na baill cén chaoi le damhsa ar an sean-nós a dhéanamh faoi stiúir Phádraic Uí Oibicín. Anuraidh freisin, chuaigh bhuachaillí agus cailíní chuig an bPinníúr Liathróid Láimhe áit ar fhoghlaim siad cén chaoi leis an seanchluiche Gaelach seo a imirt faoi stiúir Jimí Jó Shéamuis, duine de Laochra Imeartha an chluiche ó Chumann Mhícheál Breathnach. D'éirigh le cúpla duine acu seo dul chomh fada le Craobh na hÉireann, éacht nach beag tar éis cúpla mí imeartha. Coinnígí oraibh a leaids agus a chailíní!

Bheadh sé fíor a rá go bhfuil an-chomhoibriú idir Club Óige Lurgan agus Cumann Mhícheál Breathnach, agus lena mbuíochas a chuir in iúl, d'eagraigh an Club 'Lá Pacála' i Siopa an Phobail, Satharn Cásca agus thug siad an méid airgid a bhailíodar do Choiste na nÓg, Cumann Mhícheál Breathnach, agus don Chumann Camógaíochta - Dia go deo libh a



Roinnt de na baill ón gClub Óige ar a dturas go hInis Oírr i mbliana.

ghasra! Lá Oíche Nollag gach bliain eagraíonn an Club seisiún carúl i Siopa an Phobail agus tugtar an t-airgead a bhailíonn siad d'eagraíochtaí carthanachta sa gceantar. Tá moladh tuillte freisin ag an Aos Óg seo as ucht gur chaitheadar an Domhnach deireanach roimhe bhriseadh an tsamhradh ag bailiú bruscar thar timpeall an Chnoic agus Coill Rua!

D'fhoghlaim siad le cártaí Nollag agus Cásca a dhéanamh, an chaoi le bláthanna agus coinnle a choiriú faoi stiúir Áine Máire Ní Ódhráin. Iarbhaill den chlub óige a rinne léiriú agus stiúrú ar an Seó Ardáin a chur siad le chéile den Oireachtas, agus rinne na baill iad fhéin an stáitse a choiriú agus rinne siad an smidiú.

Scléip na nOileán

Imeacht eile ina raibh siad páirteach ann i rith na bliana ab ea Scéilp na nOileán a bhí ar siúl i dTír an Fhia agus an ceantar máguaird. Bhí an-lá agus an-oíche go deo acu i measc seanchairde, agus ag cur aithne ar chairde nua ó chlubbanna óige eile i nGaeltacht Chonamara agus Árann. Mar bhailchríoch ar an mbliain thug siad cuairt ar Inis Oírr, áit ar ghlac siad páirt i gcomórtas Tráth na gCeist, a d'eagraigh Club Óige Inis Oírr agus ina dhiaidh sin chuaigh siad chuig an gCéilí mór, agus dúirt siad fhéin go raibh an-turas go deo acu.

'Mol an Óige is tiocfaidh sí', a deir an seanfhocal agus tá baill Chlub Óige Lurgan le moladh, go mba fada buan iad. Tá fáilte i gcónaí roimh thuilleadh tuismitheoirí a bheith páirteach in imeachtaí an chlub.

Tigh Neil

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
091 593386



Luan - Sath. 8 a.m. go dtí 10 p.m.
Domh. & S.B. 9 a.m. go dtí 10 p.m.

- Siopa • Tae & Caife • Video/DVD ar Cíos •
- Peitreal & Díosail saor • Suimint
- Crua-earraí éadtrom • Bia Ainmhithe •
- Gual, Brícíní & Gás • Níochán Carranna
- Seachadadh in Aisce • Ola Téite • Alloys •

Boinn Nua & Seirbhís Ghasta
Seirbhís Deisithe Bonn



Foireann faoi 16 2003, Comórtas Peile Chonamara. As an bhfoireann sin a thainig foireann mionúir na bliana seo atá tar éis Cluiche Ceannais na Sraithe sa nGrád A a bhuachan. Comhghairdeas leo.

Ar chúl, ó chlé: Luke Ó Riada, Seán Ó Donnchú, Diarmaid Ó Ceallaigh, Cóilín Ó Fátharta, Deaglán Ó Cualáin, Eoin Ó Coisdealbha, Máirtín Ó Maoileoin, Eoghan Ó Ráighne, Seán de Paor, Peadar Ó hEochagáin, Páraic Óg Ó Conaire, Rónán Ó Fátharta, Páidín Ó Griallais.

Chun tosaigh, ó chlé: Séamus Ó Conghaile, Piaras Ó Tuathail, Dónal Ó Ceallaigh, Antaine Ó Finneadhá, Dónal Ó Héalaí, Declan Ó Céidigh, Páraic Ó Maoláin, Piaras Mac an Iomaire, Tomás Ó Gríofa, Aongus Ó Cadhain, Cian Ó Gríofa.

MOL AN ÓIGE

Fearghas Mac Lochlainn

Bhí an-bhliain go deo againn arís i mbliana i Scoil Sailearna. D'éirigh thar barr linn ar pháirc na himearthra agus rinne muid éachtaí ar ardán na haisteoireachta chomh maith. Thug muid linn an chraobh i gCumann na mBunscol sa bPeil agus san Iomáint, éacht nár baineadh amach ariamh cheana! Is é Traolach Ó Conghaile a bhí i mbun na foirne peile agus is é Ruaidhrí Ó Béarra a bhí i mbun na hiománaíochta.

Ar an gCnoc a heagraíodh Féile Peile Ghael-linn i mbliana. Is í Caitríona Ní Fhionnachta a d'eagraigh an Fhéile go háitiúil agus bhí a shliocht air. Siad gasúir Shailearna arís a bhí buacach sa gCraobh. D'eagraigh Páraicín Ó Conaire 'blitz' arís i mbliana ar Pháirc na mBreathnaigh. B'iad Scoil Sailearna a bhuaigh i gcomórtas B.

D'éirigh go maith leis na cailíní sa gcamógaíocht agus cé nár bhuaigh siad aon chupán chuaigh siad chomh fada leis an gCraobh i gcomórtas Chumann na mBunscol. Eagraíodh comórtas cispheile Orla Ní Neachtain sa scoil arís i mbliana. Is í Caitríona Ní Fhionnachta a bhí ina bhun agus bhí go leor scoileanna ag glacadh páirte ó Chonamara agus ó Ghaelscoileanna na Gaillimhe. A chonách sin orthu, bhuaigh cailíní Scoil an Tuairín foireann Shailearna sa gCraobh.

Déanadh gaisce mór i bpinniúr na liathróide láimhe freisin agus tá an-chreidiúint go deo ag gabháil do Jimmy Jó Shéamuis Ó Fátharta agus do Gerry Ó Fátharta freisin mar go bhfuil an-bhorradh tagtha faoin liathróid láimhe le cúpla bliain anuas. Ghnóthaigh Peadar Óg Ó Gríofa craobh Chonnacht agus buaileadh Peadar, Fiach Ó Béarra, Fiontán Ó Curraoin agus Diarmuid

Ó Finneadha i gCraobh na hÉireann i gCorcaigh. Ní baol do na cluichí Gaelacha ach go háirithe! Níl a fhios cén obair atá déanta ag Club Mhíchíl Bhreathnaigh agus tá an-chreidiúint go deo ag dul don dream atá ag obair go deonach leis an aos óg.



Scléip ma hóige – ag baint fothram as na cláir

Ealaíona

Bhí Scoil Sailearna chun tosaigh sna healaíona freisin. Ghlac ceithre agallamh beirte páirt san Oireachtas i Leitir Ceanainn. B'iad iarscoláirí na bliana seo caite, Daríona Ní Dhonnacha agus Kayla Ní Donncha, a bhuaigh sa gcomórtas sin.

Ghlac muid páirt i gCoirm Ghael-linn i Halla na Cathrach i Mí Feabhra agus bronnadh dhá ghradam ar Rang a 6 ag an ócáid seo. Seó siamsaíochta bhí curtha i dtoll a

chéile acu, idir amhráin, ceol, damhsa agus agallaimh beirte. Ghlac Rang a 4, Rang a 5 agus Rang a 6 páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe.

Fuair an trí rang ainmniúchán chuig Féile Chonnachta. Fuair Rang a 4 an chéad áit ina rannóg fhéin agus duais don aisteoir is fearr ag Maidhc Ó Conghaile. Fuair Rang a 6 an chéad áit ina rannóg féin agus duais don aisteoir is fearr ag Kevin Ó Conghaile.

Ag Craobh na hÉireann sa Muileann gCearr bronnadh an duais "Scoil Ghaeltachta is fearr" ar Scoil Sailearna. Ina theannta sin fuair an múinteoir, Traolach Ó Conghaile, duais don bhundráma nuascríofa is fearr. Seoladh dlúthdhiosca nua, "Ceol na Mara", le tuismitheoir cáiliúil de chuid na scoile i mbliana - sin é an ceoltóir cumasach, Tadhg Mac Dhonnagáin. Bhí go leor de ghasúir na scoile páirteach sa dlúthdhiosca seo agus fuair siad ar fad an-phoiblíocht arís sna nuachtáin, ar raidió agus ar an teilifís!

Tá dlúthdhiosca / leabhrán nua "Gugalaí Gug" le seoladh arís i mbliana ag Tadhg, saothar ar a bhfuil go leor de ghasúir na scoile páirteach chomh maith le aifonna speisialta eile, ina measc Tom Sailí Ó Flaithearta, Caitlín Ní Chualáin, Meaití Jó Shéamuis, srl. Dánta, rannta agus amhráin a bhéas ar an dlúthdhiosca seo agus gan dabht beidh an-tóir air!

Chuide bhliain eagraíonn muid ceolchoirm ag deireadh na bliana, ag fágáil slán le Rang a 6. Ar an oíche seo bíonn sé an-fheiceálach cén saibhreas teanga agus cultúir atá againn i nDúiche Shailearna. Téann an "seandream" i bhfeidhm go mór ar an dream óg agus go deimhin fhéin téann an dream óg i bhfeidhm go mór ar an seandream freisin!

Taispeántas

I mbliana arís bhí an-taispeántas ag Rang a 6: Bhí fothramán breá ceoil acu le feadóga stáin, bosca ceoil,

consairtín agus veidhlíní. Chas a múinteoir feadóige, an ceoltóir cailiúil, Mary Bergin, dreas ríleanna ansin.

Chas na gasúir amhrán le chéile agus ina dhiaidh sin chas a múinteoir sean-nóis, Máire Pheter Uí Dhroighneáin, stéibh den amhrán "Ar Bharr an tSléibhe". Baineadh torann as na cláir freisin! Bhí "lonsaí na hInse" againn, "Shoe The Donkey" agus cúpla figiúr de Sheit Chiarraí. Bhí "ríl crua" againn ó bheirt, damhsa na scuaibe ó chúigear agus céapar damhsa ar an sean-nós ón damhsóir iomráiteach, Róisín Ní Mhainnín!

Is é Páidí Breathnach a bhí ag coinneáil cheoil leis na damhsóirí agus is é a bhí in ann!

Bhí agallamh beirte againn ó na col ceathracha, Colm Ó Cualáin agus Colm Ó Fátharta, agus ina dhiaidh sin bhí agallamh beirte againn ó Tom Sailí agus Josie Chóilí Óg a bhfuil a neacht, Sinéad Ní Thuathail, sa rang. Mar bharr ar an



S.N. Sailearna, An Cnoc

oíche, bhí seanscéal ar an seanstíl againn ó Jimí Chearra a bhfuil a gharíníon, Caoimhe Ní Ghriallais, sa rang agus mura raibh saibhreas Gaeilge ag Jimí agus a theanga ar a chomhairle fhéin aige!

Go deimhin fhéin, ba mhór an

ghlóir é na gasúir a fheiceáil i mbun amhrán, ceoil, agallaimh bheirte agus damhsa. Ní baol don teanga ná don chultúr nuair atá an dream óg ag coinneáil na seantraidisiúin beo...

"An bairille a bhfuil a fíon ann fanann an mianach ins na cláir!"

Buaiteoirí Shraith an Chontae 2004

Roinn B, Faoi-12



Ar chúil, ó chlé: Micheál Ó Maoláin, Criostóir Ó Biadh, Micheál Ó Cadhain, Colm Ashford, Eoin Ó Fátharta, Stiofán Ó Céidigh, Joe Ó Fátharta, Éamann Ó Fátharta, Stiofán Ó Béarra, Macdara Ó Béarra, Ciarán Ó Feinneadha, Aonghus Ó Curraidhín, Timmy Ó Conghaile, Colm Ó Fátharta, Gearóid Ó Maoláin, Máirtín Ó Tuathail, Gearóid Mac an Iomaire.

Chun tosaigh, ó chlé: Rónán Ó Griallais, Éinne Ó Conghaile, Gearóid Ó Finneadha, Fiontán Ó Curraoin, Peadar Óg Ó Gríofa, Kevin Ó Conghaile, Aonghus Mac Donncha (Capt.), Fiach Ó Béarra, Breandán Ó Conghaile, Éanna Ó Griallais, Tomás Seoighe, Tomás Ó Maoileoin, Rónán Mac Donncha, P.J. Ó Cualáin.

Coláiste Cholmcille ag Ceiliúradh 50 Bliain

Tá Coláiste Cholmcille ag ceiliúradh caoga bliain ar an bhfód i mbliana. Ar Lá 'le Bríd na bliana 1955, osclaíodh scoil nua i gCois Fharraige - Gairmscoil Cholmcille. Ba sa Spidéal a bhí ionad na scoile go dtí sin agus d'aistrigh na mic léinn agus an fhoireann múinteoirí go dtí an Cnoc nuair a bhí an scoil nua tógtha. Timpeall 50 mac léinn a bhí ag freastal ar an scoil ag an am. Ba é Mícheál Mac Aodha an chéad phríomhoide agus chaith sé timpeall trí bliana i bhfeighil na scoile. Bhí Mícheál Ó Cuilleanáin mar phríomhoide ar feadh timpeall cheithre mhí ina dhiaidh sin.

I mí Eanáir 1959 tháinig Seán Ó Mainnín agus bhí seisean ina phríomhoide ón am sin go dtí go bhfuair sé bás i Meán Fómhair 1990, beagnach 32 bhliain ar fad. Bhí croí agus anam Sheáin sa scoil agus d'oibrigh sé go díograiseach chun an scoil a chur chun cinn agus gach deis a chur ar fáil do na mic léinn. In aimsir Sheán Uí Mhainnín

mhéadaigh an scoil go dtí timpeall ceithre oiread go leith an mhéid a bhí inti ag an tús. Ceapadh Breandán Ó Callaráin mar phríomhoide sa bhliain 1990 agus bhí post an Leas-phríomhoide ag Seán Ó Tuairisg. I 2003 ceapadh Tomás Mac Gloinn mar Phríomhoide agus anuraidh ceapadh Gearóid Ó Dubhloich

mar Leas-phríomhoide.

Sna céad blianta, bhí an scoil ag tairiscint oideachais suas go leibhéal an Teastais Ghrúpa a dheintear tar éis dhá bhliain. Le himeacht aimsire tugadh isteach saoroideachas agus sa bhliain 1969 rinneadh an Mheánteistiméireacht sa scoil don chéad uair. I 1975 ceadaíodh an Ardteistiméireacht sa scoil agus rinneadh an Ardteistiméireacht sa scoil don chéad uair sa bhliain 1977. Chuaigh líon na scoláirí i méid de réir a chéile agus, i láthair na huaire, tá 200 scoláire agus 19 múinteoir sa scoil. Tá réimse leathan ábhair sa scoil idir ábhair phraiticiúla agus ábhair acadúla agus iad uilig á ndéanamh go leibhéal onóracha na hArdteistiméireachta.

Téann formhór na scoláirí ar aghaidh go hoideachais tríú leibhéal, ar nós Coláiste Ollscoile na Gaillimhe agus Institiúidí Oideachais eile. Tá réimse mór gníomhaíochtaí bhreise ar siúl sa scoil - Ríomhaireacht, Drámaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Tráth na gCeist, Ceol, Peil, Sacar, Leadóg Bhoird, Cispheil agus Bádóireacht. Taispeánadh an tallann iontach atá sa scoil ag Ceolchoirm na Mílaoise agus an Cheolchoirm ag ceiliúradh 50 bliain na scoile. Tá páirc nua imeartha ar chúl na scoile a chabhraíonn go mór le cúrsaí spóirt. Ar an ócáid speisialta seo, guímid gach rath ar mhúinteoirí, iarmhúinteoirí, scoláirí, iarscoláirí agus tuismitheoirí go léir na scoile. Guímid go speisialta ar son iarmhúinteoirí agus iarscoláirí na scoile atá imithe ar shlí na fírinne.



Imeachtaí Eile

An Brat Glas

Is fadhb domhanda í an dramhaíl - fadhb atá ag cur an-chuid brú ar an timpeallacht mar nach bhfuil muid ag déanamh aon bhainistíocht cheart air. Dhá bhliain ó shin, i gColáiste Cholmcille, thug Rang 3A1 O.S.S.P. faoi thogra, an Brat Glas a fháil don scoil agus a gcion féin a dhéanamh don timpeallacht trí scoláirí, múinteoirí agus an pobal i gcoitinn a chur ar an airdeall. Is siombal idirnáisiúnta í An Brat Glas agus tá 9,000 scoil san Eoraip agus san Aifric Theas páirteach ann. Glacann An Taisce agus An Chomhairle Contae áitiúil freagracht as anseo in Éirinn.

Ag tús na bliana, fuair muid Oifigeach Timpeallachta an Chomhairle Contae, Sinéad Ní Mhainnín, le theacht amach chun cainte linn agus, tar éis Coiste Lárnach a bhunú, rinne muid suirbhé timpeallachta chun a fháil amach cén saghas agus cé mhéad bruscair a bhí ag dul amach ón scoil gach seachtain. De thoradh an tsuirbhé, thosaigh muid scéim athchúrsála chun páipéar, plaisteach agus cannaí a athchúrsáil. Rinne Rang na hIdirbhliana boird éan don fhuílleach aráin agus chuir muid cón glas ag obair don fhuílleach torthaí agus málaí tae. D'eagraigh muid comórtais litríochta, ealaíne agus manaí agus rinne muid clár ar Raidió na Gaeltachta chun eolas a thabhairt do mhuintir na háite.

Bhí "Lá Glas" againn freisin - lá gníomhúcháin agus chuaigh chuile dhuine amach ag glanadh suas agus ag cur plandaí. Chuir siopadóir áitiúla, Seán Ó Foighil, crann, a ndearna sé urraíocht air, i rith Sheachtain Náisiúnta na gCrann. Anuraidh chuir muid leis an obair a thosaigh an Rang 3A1. Rinne Rang O.S.S.P. 2A1 bláthcheapach as coirnéal talún le hais an tseomra miotalóireachta agus tá siad ag tabhairt togha na haire dó. Bhí méir san anraith ag go leor scoláirí chun an cúinne le bóthar, a bhí imithe fiáin, a ghlanadh suas is a mhaisiú. Phéinteáil siad na cuailí agus chuir siad pictiúir ildaite, ornáideacha orthu. Ghearr siad siar na sceacha is bhain siad na fiailí. Bhain siad sásamh, freisin, as a bheith amuigh faoin aer úr, ag déanamh rud éigin fíntach don timpeallacht.

Le "Seachtain na gCrann" agus "breithlá" caoga bliain na scoile a chomóradh, tháinig Seán Ó Tuairisg isteach agus chuir sé crann ar aghaidh na scoile. Is íontach an togra é le freagracht pearsanta agus freagracht poiblí a mhúineadh do na scoláirí agus dea-thaithí a chothú iontu a thiocfaidh chun a leas féin is leas an sochaí amach anseo. Ghlac na daltaí go fonnmhar leis an bhfreagracht seo agus is creidiúint

dóibh go bhfuil laghdú 50% tagtha ar an mbruscar atá ag dul sa líonadh talún anois.

Ag searmanas a bhí ar siúl sa scoil ar an Luan, 23 Bealtaine 2005, chroch Fidelma Healy-Eames, Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, an Brat Glas don chéad uair os comhair na scoile. 1 láthair ag an ócáid seo bhí Pilib Mac Roibín, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe; Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach, Bord Bainistíochta na scoile; Máirín Uí Fhátharta, ionadaí na dtuismitheoirí ar Bhord Bainistíochta na scoile, chomh maith le scoláirí na scoile go léir. Is é Coláiste Cholmcille an chéad Ghairmscoil agus an chéad scoil dara-leibhéal sa chontae ar bronnadh an Brat Glas air agus tá muid an-bhródúil as. Tá súil againn éacht eile a dhéanamh i mbliana tríd an brat a athnuachan, rud a chaitear a dhéanamh chuile dara bliain.

Drámaíocht

Bhain rang na hIdirbhliana an-taitneamh as dráma a chur siad ar stáitse na Taibhdheirce arís i mbliana le cabhair ó cheathrar ón gcéad bhliain. Chuir siad "An Maidrín Rua" ar siúl agus chuaigh siad chomh fad leis an gComórtas Náisiúnta sa Mhuileann Cearn leis. Rinne siad camchuairt ar an Naíonra, Scoil Sailearna agus Scoil Ros an Mhíl leis an dráma agus le seó puipéid a chur siad le chéile. Tá súil acu é a thabhairt go hInis Meáin go gairid.

Bhain scoláirí na scoile an-tairbhe as Cheardlann Drámaíochta a rinne siad le Diarmaid de Faoite. Ghlac siad páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig leis chomh maith le drámaí a chur siad ar stáitse i Seanscoil Sailearna i mí Bealtaine.

Féilire

Le dhá bhliain anuas anois tá os cionn €1,000 ar fad curtha ag scoláirí na hIdirbhliana thar sáile chun dul i gcabhair ar Pháistí Sráide i gCapetown, áit a bhfuil an sagart áitiúil, An tAth. Pádraig Steve Ó Neachtain ag obair. Cuireann siad féilire seanphaidreacha is rannta, a bhailigh an tAth. Ó Flannabhra, le chéile agus tá siad an-bhuíoch do Mhicheál i gClódóirí Lurgan a fhoilsíonn an féilire dóibh.

Is nasc í an fhéilire idir thraidisiúin ár sinsear agus tugann sí seans dár scoláirí cúnamh a thabhairt do ghasúir ar chomhaois leo san Aifric nach bhfuil chomh maith as leo féin.

Éachtaí Náisiúnta

Cathal Mac Tiarnáin



Cathal sa lár nuair a bhuaigh sé a chéad ghradam náisiúnta 'Irish Best Lifter' i 2003. Ar chlé tá Tony McCaffrey agus ar dheis tá Tom Dillon, Uachtarán an IPF.

As na hAille in Indreabhán do Chathal Mac Tiarnáin, fear óg a bhfuil aithne mhaith air as a chuid gaiscí idir na cuailí d'fhoirne peile Chumann Micheál Breathnach thar na blianta, ó aois a 11 bhliain go dtí an fhoireann Idirmheánach cúpla bliain ó shin. Ar spórt an chrochadh méachain is mó atá


Cathal ag plé ó shin i leith, an réimse 'Powerlifting' ina bhfuil trí ghné éagsúla, 'Squatlifting, Benchlifting agus Deadlifting. San comórtas mhóra, ní mór duit trí iarracht a thabhairt faoi gach gné acu sin ach gur féidir a bheith i gcomórtas aonair le do rogha gné chomh maith.

Deir Cathal gurb é an 'Benchlifting' an gné is fearr leis féin agus mar léiriú an-mhaith air sin tá Craobh na hÉireann bainte amach aige sa ngné sin ag an leibhéal Sóisearach agus

Sinsearach, tráth ar chroch sé 172.5 kg – sin seacht mála leath chéid suiminte!

Ar ndóigh, tá cuid mhaith Duaiseanna Cúige buaite aige sa spórt seo chomh maith ach tá aidhm mhór eile curtha amach os a chomhair ag an bhfear groí seo, is é sin dul le disciplín an Choirp

Théagartha (Bodybuilding) agus páirt a ghlacadh i gcomórtas Mr. Ireland an chéad bhliain eile. Ina dhiaidh sin tá sé de rún ag Cathal cáiliú do bhabhtaí na dtosaitheoirí sa gcomórtas do Mr. Universe agus ina dhiaidh sin bíodh Arnie ar an airdeall mar beidh fear na nAille ag teacht ina threo!



Cathal ag crochadh na méachan ón mbínse

PATRICK Ó CONGHAILE

Is é Patrick Ó Conghaile (Patrick Fóidín Meara) as Cor na Rón a bhuaigh comórtas **Glór Tíre** na bliana seo caite, sraith de chuid GaelMedia sna Forbacha a taispeánadh ar TG4. Beidh Patrick le feiceáil i gceann de na cláracha i n**Glór Tíre** na



Briseadh ón taifeadadh ag Patrick

bliana seo chomh maith agus ina theannta sin tá sé i gceist go mbeidh sé ar Ardán agus an mhír seo á scríobh.

Tá aithne mhaith ar Phatrick, ar ndóigh, as a chuid ceoil agus amhránaíochta leis an mbanna **Fóidín Meara**, ar fud Chonamara agus na tíre agus beidh a chéad shingil ag teacht ar an margadh go luath faoin teideal 'Conamara'.

Dála an scéil, tá an comórtas **Glór Tíre** ar siúl ar TG4 faoi láthair ag cuartú seaimpín nua don bhliain seo. Is é an comhlacht léiriúcháin teilifíse, GaelMedia, sna Forbacha atá i bhfeighil na sraithe **Glór Tíre**.

Cumann Micheál Breathnach

le Mánus Ó Conghaile

Tá Cumann Micheál Breathnach thar a bheith ríméadach a bheith ar ais arís i ngrád na Sinsear, an chéad uair ó thús na n-ochtóidí. Ní inniu ná inné a thosaigh an obair leis an sprioc sin a bhaint amach ach nuair a hathbhunaíodh an Cumann i 1967 agus arís dhá bhliain ina dhiaidh sin nuair a bhuaigh siad Sraith an Iarthair. Chuir bunaitheoirí agus foirne cumasacha tosaigh sin an chumainn an síol as ar tháinig an toradh céatach atá againn anois. Is iomaí rud atá déanta agus buaite ó shin i leith, an iomarca le bheith ag tógáil spéis leis anseo, b'fhéidir.

Faoi láthair, tá foirne an chumainn ag imirt sa ngrád is airde, agus i ngrádanna faoi aois, ó aois a 10 go grád na mionúr. Go deimhin d'éirigh go hiontach leis na mionúir i mbliana, faoi bhainistíocht Mháirtín Uí Dhonnacha, Phóil Uí Churraoin, Phaidí Uí Ghríofa agus Chóil Uí Fhinneadha. Chuaigh siad chomh fada le cluiche ceannais an Chontae, áit a bhfuair an tUarán Mór

an ceann is fearr orthu, ach bhí siad fós i gcluiche ceannais na sraithe i gcoinne Naomh Micheál ag an tráth sin.

Tá an dea-scéal céanna le n-aithris faoi na foirne eile faoi aois, idir fhoirne peile agus iománaíochta. Ní féidir liom foireann Sóisear B an chumainn a fhágáil as an áireamh ach an oiread, i bhfianaise na bua a bhí acu i gcoinne Naomh



Peileadóirí Faoi-16 Mhícheál Breathnach a chuaigh chomh fada le cluiche leathcheannais an Chontae, Grád A, in aghaidh Eanach Dhúin i mbliana

Ar chúil, ó chlé: Pádraig Seán Ó Tuairisg, Deaglán Mac an tSagairt, Naoise Ó Lionáird, Pádraig Ó Maoláin, Keith Ó Donnchadha, Éanna Ó Biataigh, Dónal Ó Ceallaigh, Maidhcí Ó Conaire, Máirtín Ó Neachtain, Oisín Ó Ceallaigh, Pádraig Ó Maoileoin, Seán Denvir, Éamonn Ó Maoileoin, Seán Ó Tuairisg (Roghnóir);

Chun tosaigh, ó chlé: Gearóid Denvir (Bainisteoir), Seán Ó Finneadha, Seán Mac Donnchadha, Adrian Ó Tuathail, Cárthach Breathnach, Tomás Ó Riada, Lúic Ó Riada, Cian Ó Griallais, Seán Ó Loideáin.

Micheál i gcluiche leathcheannais an chontae agus an cluiche mór fós amach rompu nuair a bhí sé seo á scríobh agam.

Tá meadú tagtha ar líon na ndaoine a thugann cabhair dheonach le hobair an Chumainn a chur chun cinn agus a bhuíochas sin ag dul dóibh, idir choistí, bainisteoirí, lucht traenála foirne, réiteoirí, daoine a chuidíonn le cúrsaí taistil agus araile. Ach de bharr méadú thar cuimse a bheith tagtha ar an gCumann féin, áfach, teastaíonn tuilleadh daoine fós le freastal ar an

éileamh breise. Tá iarracht ar leith á dhéanamh againn níos mó páirte a ghlacadh in imeachtaí agus i gcoistí ag leibhéal an chontae agus i gceantar Bhord an Iarthair mar go bhfuil meas an Chumainn ag dul i méid freisin agus obair le déanamh chun é sin a dhaingniú.

Is é mian mo chroí go n-éireoidh chomh maith céanna le Cumann Micheál Breathnach sa mbliain atá amach romhainn agus go mbeifear in ann tús a chur le tógáil an Ionaid Spóirt atá beartaithe againn le bliain nó dhó.



Buaiteoirí Shraith B na Cathrach V Liam Uí Mhaoilíosa ag deireadh na bliana seo caite. Chuaigh siad chomh fada le Cluiche Leathcheannais Chraobhchomórtas Faoi-16 B an Chontae i mbliana ach bhuaigh Beithe orthu. Roimhe sin bhuaíl siad Cill na Dioma-Liatrom, Eanach Dhuain, Cill Bhéachainte, Cill Íomair Dálaigh, Cinn Mhara & Maigh Cuilinn.

Ar chúil ó chlé: Darach Mac Con Iomaire (Roghnóir), Séaghan Mac Donnchadha, Leon Mac Lochlainn, Tomás Ó Riada, Máirtín Ó Neachtain, Pádraig Ó Tuairisg, Oisín Ó Ceallaigh, Naoise Ó Lionáird, Lúca Ó Riada, Éinne Ó Biataigh, Colm Ó Cuív, Ruairí Mac Con Iomaire (Bainisteoir), Tomás Ó Ceallaigh (Roghnóir).

Chun tosaigh ó chlé: Diarmaid Ó Finneadha, Cárthach Breathnach, Adrian Ó Tuathail, Cian Ó Griallais, Seán Denvir, Séamus Ó Fátharta, laos Howlin, Seán Ó Finneadha, Fiach Ó Béarra, Marc Ó Cualáin.

Iománaithe Faoi-14 Mhícheál Breathnach a bhuaigh ar Chill Con Iarainn, Cill Íomair, Cill Tormóir agus Port Omna ach a chaill in aghaidh Bhóthar na Trá i gCraobh B an Chontae 2005

Ar chúil ó chlé: Breandán Ó Conghaile, Fiach Ó Béarra, Diarmaid Ó Finneadha, Fiontán Ó Curraoin, Naoise Ó Lionáird, Peadar Óg Ó Gríofa, Colm Ó Cuív, Éanna Ó Conghaile, Siobhán Ní Chonghaile, Gearóid Ó Finneadha, Antoine Ó Conghaile (Bainisteoir)

Chun tosaigh ó chlé: laos Howlin, Rónán Mac Donnchadha, Maidhc Ó Conghaile, Kevin Ó Conghaile, Ruadhán Ó Béarra, Timmy Ó Conghaile, MacDara Ó Béarra, Éanna Ó Griallais, Rónán Ó Griallais.



Imreoirí Óga an Cheantair

Is iomaí éacht atá déanta ag peileadóirí agus go deimhin féin, le roinnt blianta anuas, ag iománaithe óga an pharóiste. Ach anuraidh níor tharla a mhacasamhail ariamh nuair a d'éirigh le scoláirí óga Shailearna an dá mhórchomórtas bunscoile sa ghrád 'B' i nGaillimh; an chraobh pheile agus an chraobh iomána a bhuachaint sa mbliain chéanna. Bhí sé dhá bhliain déag ó shin ó d'éirigh leo an chraobh pheile a thabhairt leo agus ba é seo an chéad uair ariamh ag scoil ó Iarthar na Gaillimhe an chraobh iomána a thabhairt leo sa ghrád seo, ach go dtarlóidh sé sa mbliain chéanna – éacht i measc na n-éachtaí.

Tráthnóna breá samhraidh ar Pháirc an Chnoic d'éirigh lé foireann Sailearna, Scoil Mhuire Maigh Cuilinn a chur de dhroim seoil le farasbarr aon chúilín amháin. B'iontach go deo an cheiliúradh a rinne ógánaigh agus tuismitheoirí an

pharóiste an tráthnóna úd.

Trí seachtainí ina dhiaidh sin arís chuaigh go leor de na gasúir chéanna chun páirce arís, bail ó Dhia 's ó Muire oraibh uilig, thoir ar an Achréidh in aghaidh Scoil Náisiúnta an Uaráin Mhóir sa chraobh iomána.

Bhíodar tar éis an ceann is fearr a fháil ar Eanach Mheáin, Cor an Dola, agus buachaillí An Chaisleáin Ghearr sna babhtaí sraithe. Ar 1.20 i.n., Déardaoin an 23ú Meitheamh, bhí an *double* déanta ag scoláirí Chois Fharraige le farasbarr de sé chúilín.

Tá rian na hoibre a rinne daoine go leor le sonrú sa mhóriarracht seo. Tá obair na gcapall déanta ag Coiste na nÓg C.L.G. Micheál Breathnach sa dá chód le blianta anuas, mar aon le Scéim Phádraicín Conroy agus múinteoirí uile na scoile, ach go háirithe Traolach Ó Conghaile sa pheil. Ba léir gur cuireadh na síolta san earrach na blianta ó shin.

Mar mhúinteoir agus mar thuismitheoir agus mar bhall de C.L.G. Micheál Breathnach, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghlacadh leis na buachaillí agus cailíní ildánacha seo a chuir a gcroithe agus a n-anamacha isteach sa traenáil agus sna cluichí Gaelacha. Bhain mé an oiread sin sásaimh as a bheith in bhur gcuideachta sa bpeil agus san iomáint. Go gcumhdaí Dia sibh.

Ruaidhrí Ó Béarra



Foireann Iomána Scoil Sailearna a bhuaigh chomórtas Chumann na mBunscol sa nGrád B

Ar chúil ó chlé: Naoise Ó Gibne, Michelle Ní Choistealbha, Saoirse Howlin, Bernadette Ní Fheinneadha, Fíona Ní Chonghaile, Áine Ní Mhaoláin, Breandán Ó Conghaile, Timmy Ó Conghaile, Ruaidhrí Ó Béarra (Bainisteoir), Macdara Ó Béarra, Gearóid Ó Finneadha, Máirtín Ó Tuathail, Enda Ó Cúláin, Ciarán Ó Conghaile, Éinne Ó Conghaile, Pádraic Ó hAinlí, Éanna Ó Griallais, Donncha Ó hAinmhíre, Rónán Ó Griallais.

Chun tosaigh ó chlé: Sinéad Ní Ainlí, Maidhc Ó Conghaile, Ruaidhrí Ó Béarra, Peadar Óg Ó Gríofa, Kevin Ó Conghaile, Rónán Mac Donncha, Cian Breathnach, Stiofán Ó Béarra, Stiofán Ó Céidigh, Fiach Ó Béarra.

Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh

Jimí Jó Shéamais Ó Fátharta

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Sea! tá sin fíor chomh maith i gcúrsaí Liathróid Láimhe. Lean an obair agus múineadh scileanna na liathróide láimhe ar aghaidh an bhliain seo caite, ón Scoil Náisiúnta go dtí Club Óige Lurgan agus an Cumann féin. Bhí an toradh le feiceáil go soiléir nuair a thóg roinnt mhaith den óige páirt i gcomórtais agus i gcluichí dúshláin. Fuair Peadar Óg Ó Gríofa an bua i gCraobh na Gaillimhe agus i gCraobh an Chúige Faoi-12. Ní bhíonn aon bhabhtáí ceannais na hÉireann san aois seo.

Bhí an bua san gContae ag Diarmuid Ó Finneadha Faoi-14. Bhí an bua ag Seán Denvir sa gContae Faoi-16 agus chuir sé suas sárthaispeántas i gCraobh an Chúige i gcoinne bhuachaill as Liatroim atá ag imirt liathróid láimhe le hocht mbliana. Sna comórtais dúbailte, fuair Seán Ó Finneadha agus Séamus Ó Fátharta Craobh an Chontae Faoi-15, agus fuair Cáthrach Breathnach agus Oisín Ó Ceallaigh an bua sa ngrád Faoi-16. Ansin ní raibh fágtha ach “Féile na nGael”.

Féile na nGael

Thóg trí chumann páirt i gcomórtas chontae na Gaillimhe, Baile Liam, Má Cuilinn agus Micheál Breathnach. Fuair leids Chois Fharraige an bua amach go héasca anseo. Thug siad a n-aghaidh ar Chorcaigh don Fhéile Náisiúnta agus chuaigh chomh fada leis an gcluiche leath ceannais na hÉireann agus níor bualadh iad ach le cúilín gágach amháin. Ar an bhfoireann sin bhí Peadar Óg Ó Gríofa,



Buaiteoirí an Chomórtais Liathróid Láimhe don Chiseán Nollag 2004, Colm Mharcuis Ó Cualáin ar chlé agus Liam Willie Ó Fátharta ar dheis.

Diarmuid Ó Finneadha, Fiontán Ó Curraoin agus Fiach Ó Béarra. Nár laga Dia a lámha.

Tá dhá bhalla marcáilte amach ag an gCumann ag an Scoil Náisiúnta i mbliana le Liathróid Láimhe a imirt ann.

Scoth Imreoirí

D’eagraidh an Cumann Comórtas Scothimreoirí na hÉireann i mí na Nollag anuraidh agus d’éirigh go maith leis. Fuair Antoine Ó hÉalaithe an bua ar Eoghan Ó Cinnéide sa gcluiche ceannais. Tháinig imreoirí ó cheithre chúige na hÉireann agus fiú thar sáile anall ón mBreatain. Ba é an taispeantas a thug Daxie Walsh agus Dessie

Keegan na sárcluichí a bhí sa gcomórtas.

Comórtas Oscailte

Ní raibh aon chomórtas Contae don aosach ann i mbliana mar gur chinn Comhairle Chonnachta triail a bhaint as “Comórtas Oscailte Sraithe” i gConnacht sna grádanna ar fad. Bhí cluichí iontacha ag Gerry

Ó Fátharta, Liam Ó Fátharta, Timín Ó Curraidhín, Colm Ó Cualáin, Pádhraic W. Ó Fátharta agus Noel Dan Ó Droighneáin sna comórtais seo ach níor éirigh leo aon chraobh a bhaint amach. Chuaigh Pádhraic Tim Ó Conghaile agus Séamus Ó Fátharta chomh fada le cluiche leathcheannais na hÉireann ach theip orthu i gcoinne na beirte as Corcaigh a chuaigh chun cinn le Craobh na hÉireann a bhaint amach dóibh féin. Nach deacair na Corcaíocha a chloí!

Mar is gnách, is ar an gciseán torthaí Lá Nollag is mó a bhíonn an chraic. Ba ag Liam W. Ó Fátharta agus Colm Mharcais Ó Cualáin a bhí an lá nuair a chloí siad Timín Ó Curraidhín agus Gerry Ó Fátharta sa gcluiche ceannais.

Campa Samhraidh

Cuireadh bailchríoch ar chúrsaí le “Campa Samhraidh” na bliana seo, a d’iarr na himreoirí óga iad féin. D’fhreastail scór ar fad air seo i dtús mhí Lúnasa. Ba é seo an chéad uair a leithéid a eagrú agus sa gcomórtas a chuaigh leis bhí cheithre ghrúpa páirteach ann agus imríodh na cluichí ar bhonn sraithe. Bhí athimirt i gceist mar go raibh dhá ghrúpa ar chomhscór, Grúpa 1 agus 4. Bhí an bua faoi dheireadh ag Máirtín Ó Tuathail ón Lochán Beag i ngrúpa 4. I ngrúpa 3 ba le Joe Ó Fátharta ó na hAille an lá agus i ngrúpa 2 bhí an lá le Gearóid Ó Finneadha ón Lochán Beag.

B’éigin grúpa a 1 a chur siar go dtí an mhaidin Domhnaigh de bharr na síorchoimhlinte agus ba le Seán Ó Finneadha ón Lochán Beag a bhí an lá ar deireadh thiar.

Tá sármholadh tuilte ag beirt an Chnocáin Ghlais, Timín Joe Tim Ó Curraidhín agus ag Gerry Sambó Ó Fátharta a chuir oiliúint sármhaith ar fhir agus ar mhná an lae amáireach. Bhí neart le n-ithe agus le n-ól (tae ar ndóigh) ar an gcampa agus murar chuir an aois scáile a mbolg ar an mballa ní lá go maidin é.

* * *



Míle buíochas do bhialann Supermacs sa Spidéal a rinne urraíocht ar fheisteas d’fhoireann peile Mhicheál Breathnach i mbliana. Sa bpictiúr, tá bainisteoir na bialainne, Kamil ag bronnadh seaiceád ar bheirt de bhainistíocht na foirne, Pádraic Joe Joe Mac an Iomaire ar chlé agus Gerry Ó Curraoin ar dheis. Míle buíochas freisin do chuile dhream eile a chuidigh le Cumann Micheál Breathnach i rith na bliana.



Foireann Ghairmscoil Cholm Cill c. 1967

Archúl, ó chlé: Johnny Mhorgan Ó Conghaile, Máirtín Pheaitsin Ó Gamhnáin, Josie Chóil Mhicí Ó Coisdealbha, Cóilín Ó Tuathail, Seán Bolustrom, Colm Ó Finneadha, Paidí Ainde Breathnach, Pádraic Ó Cadhain.

Chun tosaigh, ó chlé: Máirtín Pheadair Choilimín Ó Cualáin, Gerry Ó Fátharta, Gerry Ó Coisdealbha, George Richardson, Máirtín Ó Scanláin, Gary Ó Scanláin, Frainc Jeaic Ó Cualáin.



**Cumann
Drámaíochta
Chois Fharraige –
Tír na nÓg
ar Chúl an Tí!**

Chun tosaigh, ó chlé:
Cabirín Ó Tuairisg, Eilín
Brennan agus Máire Ní
Mháille.

Archúl, ó chlé:
 Danny Wallace, Pádraic
 Ó Flatharta, Camilla Uí
 Cheallaigh, Eoghan Ó
 Riada, Brighid
 Breathnach, Beartla Ó
 Flatharta.

Na seanaithe ar leathanaigh 62, 63	
6	Tigh Mhicil Bhearta Bhaba, Cré Dhubh
7	Tigh Tom Thomais (Máirtín Dan Rua), saile
8	Chunara Tigh Phádraic Chóil Ruaid, Cré Dhubh
9	Tigh Bhearta Mhic (ar dheis), Tigh Sheáin
10	Mhairt (ar chlé), Cor na Rón
11	Tigh na gColm, Teach Mór Thiar Tigh Nóra Liam, Aile Thiar
12	Tigh Mhanús (Ó Coistealabha), Aile Thoir
13	Tigh Mhairtín William Sheáin, Lochán Beag
14	Tigh Tom Túit (Ó Conghaile), Cor na Rón
15	Tigh Chólm Mharcuís (Ó Cualáin), Coill Rua
16	Tigh Mhichael Tim (Ó Conghaile), An Cnoc
17	Tigh Chóil a Ghabha, Aile Thiar
18	Tigh Phádraic Mhairtín, Teach Mór Thiar
3	Tigh Phádraic John (ar dheis), Tigh Joe
2	Tigh Jimi Sheáin Sheamuis, Both Chuna
4	Tigh Taimín Breathnach, Teach Mór Thiar
5	Tigh John Mhicil Sheáin, Aile Thoir



Ar do chlé:

Máirtín Bhille Ó Fátharta as Cor na Rón Láir a chaith na blianta fada mar fhear posta sa gceantar. Iad sin ar fad a bhfuil na leathchéad caite acu, cuimhneoidh siad ar Mháirtín agus ar a bhicycle ag déanamh an bhealaigh anoir ó Tigh Ned.

Thíos:

Gluaisim ar ais 'bóithrín na smaointe'...

An t-eolas a bhí leis an bpictiúr seo ná gurbh í seo Peige Bn Uí Fhinneadha nó Peige Ní Mhuirí as Cor na Rón roimh phósadh di. Bhí sí pósta le Dónal Ó Finneadha, mac le Peadar Ó Finneadha as an Lochán Beag. Má tá aon eolas breise ag aon duine bheadh an Cumann Forbartha iontach buíoch ach é a sheoladh chucu don chéad eagrán eile den iris.



Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Tá 137 cailíní cláraithe leis an gCumann i mbliana. Tá 7 bhfoireann againn, Faoi-9, Faoi-10, Faoi-12, Faoi-13, Faoi-14, Faoi-16 agus Sóisearach, agus glacann muid páirt i gcomórtais an Chontae agus Iarthar na Gaillimhe. Tá imreoirí againn ó na Forbacha siar go dtí an Cheathrú Rua.

Chuir an fhoireann Faoi-10 tús maith leis an mbliain nuair a bhuaigh siad Corn Dheisceart na Gaillimhe thíos in Ard Rathain. Bhuaigh siad Ard Rathain, Uarán Mór, Droichead an Chláirín agus Bóthar na Trá ar a mbealach go dtí an Cluiche Craoibhe.

Níos fearr fós, rinne siad éacht nuair a bhuaigh siad Comórtas an Chontae Faoi-10 i Mí Meitheamh lena mbua stairiúil ar Uarán Mór sa chluiche ceannais. Ba í seo an chéad uair ariamh a tugadh Corn an Chontae Faoi-Aois siar go Cois Fharraige. Bronnadh an gradam "Laoch an Chluiche" ar Darina Ní Challanáin, captaen Chois Fharraige. Bhí tinte cnámha lasta ón Spidéal siar

go Ros an Mhíl ag fáiltiú roimh an bhfoireann. Seo thíos an cur síos a deineadh sa "Connacht Tribune" ar an gcluiche.

Bua Stairiúil ("An Curadh Connachtach", Meitheamh 2005)

Bhí tinte cnámha lasta ón Spidéal siar go Ros an Mhíl ag fáiltiú roimh fhoireann bhuacach camógaíocht Chois Fharraige (Faoi 10) taréis dóibh Corn an Chontae a thabhairt leo, don chéad uair ariamh Dé Domhnaigh seo caite. Ba iad cailíní Uaráin Mhóir a gcéilí comhraic sa chluiche ceannais a himríodh i gCill Íomair. Cluiche breá díograsach a bhí ann agus ní raibh ach cúl amháin idir na foirní ag an deireadh. Ba í

Cristín Nic Ghiolla Choinnigh a fuair an cúl cinniúnach do Chois Fharraige le cúnamh ó Darina Ní Challanáin taréis di féin pas álainn a fháil ó Aisling Ní Chonchubhair. Bhí seansanna dá gcuid féin ag Uarán Mór ó Niamh agus Ciara Hanniffy agus Danielle Cleary ach rinne Laoise Bleasdale (an cúl báire), Karen Ní Dhonncha, Tara Nic Craith agus Síofra Ní Chlochartaigh an-chosaint agus choinnigh siad cúl Chois Fharraige slán. Fuair siad tacaíocht mhaith ó Órfhlaith Ní Dhireáin agus Caitríona Ní Churraoin i lár na páirce. Thaispeáin imirt bhríomhair Ciana Ní Churraoin, Áine Ní Bhiataigh agus Loretta Ní Challanáin nach mbeadh cailíní Chois Fharraige sásta dul siar abhaile folamh. An bua stairiúil seo tuillte go maith acu!

An Fhoireann: Laoise Bleasdale, Karen Ní Dhonncha, Tara Nic Craith, Darina Ní Challanáin (Capt), Síofra Ní Chlochartaigh, Órfhlaith Ní Dhireáin, Caitríona Ní Churraoin, Ciana Ní Churraoin, Áine Ní Bhiataigh, Aisling Ní Chonchubhair, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Loretta Ní Challanáin, Adhna Ní Bhraonáin, Éabha Nic Dhonnagáin, Brogan Ní Choisdealbhai Róisín Ní Neachtain, Sinéad Ní Chadhain, Sarah Ní Chualáin, Sinéad Ní Longáin.



Foireann Chois Fharraige a bhuaigh Corn an Chontae Faoi 10 tar éis an bua a fháil ar Uarán Mór sa Chluiche Ceannais

Chun tosaigh: Róisín Ní Neachtain, Brogan Ní Choisdealbha, Adhna Ní Bhraonáin, Éabha Nic Dhonnagáin, Laoise Bleasdale, Síofra Ní Chlochartaigh, Ciana Ní Churraoin, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh.

Sa lár: Sarah Ní Chualáin, Órfhlaith Ní Dhireáin, Karen Ní Dhonncha, Darina Ní Challanáin (Capt), Caitríona Ní Churraoin, Aisling Ní Chonchubhair, Tara Nic Craith, Sinéad Ní Longáin, Áine Ní Bhiataigh agus Loretta Ní Challanáin.

Ar Chúl: Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale, Máirtín Ó Dubhghaill agus Martina Ní Ghabháin

Forbairt mhór ag Scoil Sailearna

Bhí forbairt mhór le déanamh ag Scoil Sailearna sa mbliain 1999 agus tar éis a leithéid a bheith ceadaithe ag an Roinn Oideachais, cheap Bord Bainistíochta na Scoile ailtire (Douglas & Wallace) le pleananna agus léaráidí a réiteach don fhorbairt sé bliana ó shin. Bheadh €2m de chostas ar an obair agus nuair a cuireadh na moltaí uilig ag aghaidh chuig an Roinn Oideachais glacadh i bprionsabal leo. Ar 23 Eanáir, 2003, d'fhoilsigh an Roinn liosta de na scoileanna uilig sa tír a bhí le forbairt agus bhí Scoil Sailearna sa gcúigiú háit i gCo. na Gaillimhe sa liosta príorachtaí sin. Cuireadh moill ar an obair mar gheall ar ghanntanas airgid sa Roinn. Gheall an Roinn, san earrach 2005, go mbreathnódh siad arís ar chás Sailearna agus tá súil againn nach mbeidh sé curtha ar an méir fhada arís agus scoileanna eile brúite roimhe mar a tharla cheana.

Socraíodh cheana go mbeadh an fhorbairt déanta ina thrí chéim de réir leagan amach na n-ailtirí agus aontaithe ag an Roinn mar a leanas:-

1. Bóithrín a dhéanamh ón mbóthar mór go talamh na deoise ó thuaidh den scoil, an dá Phortacabin a athrú ón suíomh ina bhfuil siad go dtí an áit ó thuaidh, carrchlós a réiteach ó thuaidh den scoil ar mhaithe le sábháilteacht na ngasúr ar an mbóthar mór, áit spraoi a réiteach do na gasúir ar dhromchla tarmacadam ar an láthair sin agus páirc imeartha féarach a réiteach ó thuaidh ar thalamh na deoise. Bhí €100,000 geallta ag an Roinn Oideachais agus tuilleadh ó Roinn na Gaeltachta d'fhorbairt an bhóthair agus an charrchlóis ach cead pleanála a bheith faighte ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe don obair. Do réir rialacha na Comhairle Contae bheadh radharc soiléir

150m soir siar ó cheann an bhóithrín ag an bpríomhbhóthar i gceist chuige sin agus mar mhullach ar an mí-ádh sin dúradh nach mbeadh an Chomhairle Contae sásta oiread is pingin rua a chaitheamh ar leathnú an bhóthair mhóir. Bhí siad ag iarraidh cúram agus costas na hoibre sin a leagan ar choiste deonach na scoile agus ar thuismitheoirí na ngasúr. Mar gheall ar sheasamh tuatach sin na Comhairle Contae níl an scoil i dteideal airgead na Roinne a tharraingt agus cás sábháilteacht na ngasúr scoile a réiteach. Is bocht an scéal é ach níl faighte ag Bord Bainistíochta na scoile ach an chluas bhodhar agus mar bharr ar an tubaist ní féidir leis an scoil dul ar aghaidh le Céim 2 agus 3 den obair.

2. Bhí sé i gceist i gCéim 2 den obair go gcuirfí méadú ar an dá sheomra ranga nua sa scoil mar

aon le dhá sheomra ranga nua as an bpíosa agus leithris a thógáil taobh thiar de halla na scoile.

3. Mar chéim 3 den fhorbairt, bhí trí cinn de sheomraí ranga nua agus leabharlann le tógáil taobh thoir de halla na scoile. Bhí sé i gceist chomh maith go mbeadh stáitse tógtha ó thuaidh de halla na scoile agus ó thuaidh uaidh sin arís go dtógfaí seomra teiripe teanga, seomra don mhúinteoir Feabhais/Tacaíochta, seomra do chruinnithe na dtuismitheoirí agus seomra mór do na múinteoirí. Bhí sé sa bplean chomh maith go mbeadh dorchla (*corridor*) déanta idir na seomraí nua uilig agus halla na scoile – bealach le siúl ag na seomraí ranga uilig taobh istigh den fhoirgneamh féin. Tá léaráid daite crochta i seomra an phríomhoide a shoiléiríonn an cinneadh atá tógtha cheana féin ag Bord na Scoile agus ar aontaigh an Roinn Oideachais leis.

Is bocht an scéal é nach bhfuil oiread is spreab bainte fós ar an suíomh cé go bhfuil €40,000 íoctha cheana féin leis na hailtirí. Ní féidir le Bord Bainistíochta na Scoile aon dul chun cinn a dhéanamh sa gcás seo go mbeadh an bóthar mór leathnaithe ag an gComhairle Contae taobh amuigh den scoil agus radharc soiléir 150m soir siar ag ceann an bhóithrín tugtha do ghluaisteáin ag filleadh amach ar an mbóthar. Go mbeidh an cás sin réitithe beidh sábháilteacht na ngasúr i mbaol agus mar gheall ar bhac an Chomhairle Contae beidh an fhorbairt mhór sa scoil coinnithe siar. B'shin é mar a sheasann cás na scoile faoi láthair.

An tAth. Micheál Ó Flannabhra

An Cumann Forbartha

Plean Oibre 2005

Seo a leanas an Plean Oibre a leag Cumann Forbartha Chois Fharraige amach i mbliana, 2005, ag leanacht leis an bplean a bhí ann roimhe sin:

Leibhéal 4

Fís: Ceantar an Chumann Forbartha a fhorbairt le nasc na Gaeilge d'fhonn an pobal láidir Gaeltachta seo a dhaingniú, a neartú, agus a bhuanú, eacnamaíocht, cultúr agus an saol sóisialta san áireamh.

Duais Speisialta An Duais Óige, Duais Chló Iarchonnachta agus Duais na Comhairle Oidhreachta.

Coiste 2005

Cathaoirleach: Seán Ó Ráighne; Leasathaoirleach: An tAthair Micheál Ó Flannabhra; Rúnaí: Brian Ó Baoill; Cisteoir: Séamus Ó Fatharta, Leaschisteoir, Pádraig Ó Fatharta; OCP: Morgan Ó Conchubhair; Máire Denvir; Sorcha Ní Scanláin; Pádraig Ó Héalaí; Máirtín Davy Ó Coisdealbha

Tá sé i gceist ag an gCumann Forbartha leanacht leis an modh oibre a lean sé in 2004.

Forbairt Nua. Is é an mórchoiste atá ag an gCumann Forbartha ná na hionadaithe ó na heagrais chomhpháirteacha mar: An Eaglais; Na hInstitiúidí Oideachais; Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta; Comharchumann Shailearna; An Cumann Béaloideas; Pastime Chonamara; Na Cumainn Óige agus Spóirt; An Cumann Drámaíochta; Siopaí; Na Coláistí Samhraidh; Na Ranganna Sean-nóis; Na hEastáit Tionsclaíochta; Na Tithe Tábhairne, Na Cumainn Carthanachta; Coiste na Reilige. Tá sé beartaithe an mórchoiste sin a thabhairt le chéile níos minicí le haghaidh pleanála agus

monatóireachta agus déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn gach aon chuid den phlean. Cuireadh isteach ar mhaoiniú ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus mar thoradh air sin, tá Bainisteoir Teanga le ceapadh ag an gComharchumann.

Oideachas

Tá sé i gceist dlúthbhaint a choinneáil leis an Naíscoil, An Bhunscoil, An Mheánscoil, agus leis an gCraobh áitiúil den Ollscoil, leis an oiread tacaíochta agus is féidir a thabhairt dóibh leis an gcuspóir atá acu staid na Gaeilge iontu a láidriú. Tá sé i gceist freisin cúnamh a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge.

Forbairt Nua: An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh. Tá sé i gceist béim ar leith a chur ar chúrsaí Gaeilge do thuismitheoirí gasúr nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge, tuismitheoirí gasúr sa dara naíonra ina measc. Tá ceistneoir le cur amach le riachtanais dhaoine ó thaobh na Gaeilge de a aimsiú. Beidh cruinniú a shocrú leis na príomhoidí i gColáiste Cholmcille agus i gColáiste Chroí Mhuire le scéim don idirbhliain a chur faoina mbráid maidir le bailiú Logainmneacha

Óige

Coinneáil i dteagmháil le: Cumann Micheál Breathnach, Cumann Camógaíochta, Club Óige Lurgan, leis na Coláistí Gaeilge, An Campa Samhradh, Pastime Chonamara, Ógras agus Coiste na nÓg.

Tabharfar tacaíocht dá n-iarratais staid na Gaeilge a fhorbairt ina gcuid imeachtaí agus déanfar forbairt ar chinnirí óga sna Coláistí Gaeilge.

Forbairt Nua: Scrúdófar cás na ngasúir atá fós ró-óg don Chlub Óige féachaint an féidir club a bhunú dóibh. Tá cúrsa speisialta le n-eagrú do dhéagóirí lena gcuid Gaeilge a shaibhriú agus déanfar forbairt ar chinnireacht i measc na ndaoine óga.

Imeachtaí Sóisialta

Coinneofar i dteagmháil leis na tithe tábhairne, leis na heagrais spóirt agus óige, le Tearmann Ainín, leis an gCumann Drámaíochta, le Comharchumann Sailearna agus le gach eagrais a eagraíonn imeachtaí sóisialta agus a bheith páirteach leo.

Forbairtí nua: Scoil Cheoil agus Damhsa a eagrú thar deireadh seachtaine. Cuirfear béim ar leith ar chúnamh a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sa cheantar trí imeachtaí ar nós Ciorcail Chomhrá a reáchtáil. Tá ciorcal léitheoireachta bunaithe, tabharfar tacaíocht do Comórtas Peile na Gaeltachta agus tá comhráití ar siúl le Coiste an Oireachtais faoin Oireachtas a thionól i gCois Fharraige sa mbliain 2008. Tá comórtas Filíochta agus Próis á reáchtáil agus tá plé á dhéanamh le Johnny Chóil Mhaidhc faoi ábhar dá chuid a fhoilsiú i bhfoirm leabhair/dlúthdhiosca. Ina theannta sin, beidh seisiúin seachtainiúla cheoil/amhránaíochta á n-eagrú do dhaoine óga, tá coiste le bunú do Chomóradh Mháirtín Uí Chadhain agus beidh ócáidí Gaeilge á n-eagrú do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Poiblíocht

Foilseofar iris an Chumainn, *Biseach*, aríst i mbliana agus cuirfear scéalta go dtí Raidió na Gaeltachta agus TG4.

Forbairt Nua: Spreagfar díolaíocht na bpáipéar agus na n-irisí Gaeilge sna siopaí, agus déanfar forbairt ar an suíomh idirlín. Déanfar iarracht na nuachtáin Bhéarla/dhá-theangach ar nós an *Connaught Tribune*, *Glór Chonamara*, an *Galway Advertiser*, srl a mhealladh le go nglacfaidh siad le scéalta i nGaeilge agus cuirfear na scéalta sin ar fáil dóibh. Tabharfar tacaíocht do Chumann Mícheál Breathnach agus don Chomharchumann chun comharthaí slachtmhara a chur in airde. Tá cruinniú le socrú le húinéirí nua Shiopa an Phobail chun iad spreagadh faoin nGaeilge agus tacaíocht a thairiscint dóibh chuige sin. Eagrófar cruinnithe le húinéirí siopaí agus lucht B/B faoi Ghaeilge a úsáid ar a gcuid fógraí. Eiseofar bileoga eolais dátheangacha faoi imeachtaí na Gaeilge, staid na Gaeilge, srl. agus scaipfear tríd an bpobail iad le daoine a spreagadh faoi labhairt, foghlaim agus léamh na Gaeilge agus foilseofar nuachtlitir ceithre huaire sa mbliain.

Togra Infrastruchtúir

Tá sé i gceist cónascadh a dhéanamh idir Thearmann Ainín agus Thearmann Eanna agus tá dul chun cinn beartaithe d'fhorbairt mhór ag ionad Chumann Mhichíl Bhreathnaigh.

Forbairt nua: Ionad leighis a thógáil do sheandaoine; seacht seomra nua a thógáil sa bhunscoil agus tá carrchlós le tógáil ag cúl an bunscoile.

Acht Teanga/Cairt Eorpach a fheidhmiú

Forbairt Nua: Déanfar iarracht a dheimhniú go mbeidh gach duine agus eagrais sa bParóiste ar an eolas faoin Acht Teanga agus spreagfar iad le feidhm a bhaint as an Acht. Cuirfidh an Cumann Forbartha liosta le chéile de na hoifigigh ar

féidir gnó trí Ghaeilge a dhéanamh leo sna heagrais stáit, cuirfear an t-eolas sin ar fáil don phobal agus spreagfar iad le feidhm a bhaint as na daoine sin. Tá cruinniú le socrú le hÚdarás na Gaeltachta le fadhbanna Gaeilge an cheantair a phlé le tagairt ar leith a dhéanamh d'fhorbairtí an Údaráis. Eagrófar seisiúin eolais faoi Chonradh Reachtúil na hEorpa.

Cúrsaí Eaglasta

Beidh chuile sheirbhís ar siúl trí Ghaeilge agus déanfar forbairtí nua.

Forbairt nua: Tá Comhairle Tréadach le bunú, mar aon le cúrsa do sheandaoine.

An Ghaeilge sa Teaghlach

Leanfar leis na pleananna don Ionad Tacaíochta Teaglaigh a thógáil. Tá €1m geallta ag an Aire Dlí agus Cirt, Michael Ó Dubhghaill. Coinneofar i ndlúththeagmháil leis na tuismitheoirí.

Forbairt nua: Rithfear Cúrsaí speisialta do thuismitheoirí agus tá Ciorcal Comhrá le bunú do thuismitheoirí. Scaipfear eolas faoi na scéimeanna atá ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Obair Leanúnacht

Reáchtáilfear cruinnithe míosúla de choiste Chumann Forbartha Chois Fharraige agus déanfar teagmháil rialta leis na hionadaithe sna heagrais, institiúidí agus cumainn sa cheantar. Cuirfear seirbhísí leanúnacha ar fáil do na haosaigh agus tabharfar tacaíocht do na scoileanna agus don óige. Déanfar cothú ar na hoícheanta áirneáin, seiteanna, rásaí, srl. trí Ghaeilge agus spreagfar daoine le páirt a ghlacadh i gcomórtais an Oireachtais, Údaráis na Gaeltachta, Feis Cheoil agus i bPléaráca. Beidh imeachtaí leanúnacha ar siúl sa Seanscoil, déanfar gnó trí Ghaeilge le gach institiúid stáit, agus déanfar gach seirbhís eaglasta agus comharchumainn trí Ghaeilge.

Fáilte Isteach

Marcus Seán Ó Conghaile
Cor na Rón
01/10/2004

Amy Máire Ní Chadhain
Cor na Rón
25/09/2004

Amanda Mary Brady
Aille
02/09/2004

Oisín Patrick McHugh
Púirín
21/10/2004

Luca Antonio Ristori
Cnocán Glas
26/12/2004

Emily Patricia Ní Chonghaile
Bóthar Buí
18/01/2005

Patrick Michael Flannery
Cor na Rón
26/01/2005

Cormaic Antoine Ó Tuairisc
Lochán Beag
17/03/2005

Doireann Ní Fhoighil
Cathair
25/05/2005

Ciara Cáit Ní Fhlatharta
Teach Mór
23/06/2005

Fraoch Máire Daly
Coill Rua
10/08/2005

Ciara Ní Chualáin
Saile Chuana

Go Maire Sibh Bhur Nuaíocht

Máire Ní Choisdealbha, Cathair Paul Patrick Joyce, Carna
30/12/2004

Tommy Ó Fátharta, Cor na Rón Tracey Anne Conneely, Coill Rua
13/08/2004

Súil Siar

Ar dheis: Nóra Liam
arbh as na hAille dí

Thíos: Buachaillí an
Bhaile Nua ar a
sáimhín só. (Ó chlé)
Meait Phádraicín,
Pádhraic Pheaits
Mhóir, Taimín
Cheartair, Peadar
Mhuirí, Beartla Mhicí





Foireann Peile Micheál Breathnach 1991 a bhuaigh Sraith an Iarthair agus a chuaigh go dtí Cluiche Leathcheannais Chomórtas Peile na Gaeltachta i mBéal Átha an Ghaorthaidh an bhliain chéanna

Ar chúil ó chlé: Cóil Pheatsaí Ó Finneadha (bainisteoir), Pádraig Dairbe Ó Fátharta, Caoimhín Ó Neachtain, Philip Ó Márta, Gearóid Denvir, Uilic Ó Cualáin, Seosamh Ó Feinneadha, Caoimhín Ó



Conghaile, Pádraic Ó Márta, Micheál Ó Neachtain, Pádraig Ó Beoláin, Micheál Mhaidhc Ó Conghaile, Máirtín Ó Baidh, Peadar Tim Ó Conghaile, Pádraig Tim Ó Conghaile (bainisteoir).

Chun tosaigh, ó chlé: Micheál Dairbe Ó Fátharta, Seán Ó Coistealbha, Seán Ó Flatharta, Seán Ó Cualáin (Lorcán), Aodán Mac Cárthaigh, Jimí Ó Cualáin (Capt.), Peadar Jude Ó Conghaile, Antoine Mhaidhc Ó Conghaile, Colm Mhaidhc Ó Conghaile, Ruairí Ó Tuathail, Éamonn Ó Feinneadha, Seán Ó Feinneadha.

Ar chlé:

Meas tú cé mhéad bliain ó tógadh an pictiúr?

Ar chúil, ó chlé: Seosamh Ó Cionnaith, Cóil Pheatsaí Ó Finneadha, Aodán Mac Cárthaigh agus Tadhg Ó Curraoin.

Chun tosaigh, ó chlé: Alan Coss, Tadhg Ó Fátharta, Cathal Mac Tiarnáin, Aonghus Ó Fátharta agus Ciarán Breathnach.

TÁ MO TEACÍN AR AN ARDÁN ...

Pictiúir a thóg Ruairí Ó Baoill

Tá ainmneacha na dtithe seo áit éigin sa leabhar; téigí ag tóraíocht





Slán Abhaile

27/07/2004
Cóilín Ó Conaire, Teach Mór

30/07/2004
Cáit Uí Chiardha, Aille

03/11/2004
Peadar Ó Fátharta, Cor na Rón

09/11/2004
Margó Uí Chonghaile, An Cnoc

12/11/2004
Séamus Willy Ó Fátharta, Aille

20/11/2004
Páraig Mac An Ultaigh, Baile na hAbhann

30/11/2004
Matt Shéamais Mhóir Ó Fátharta, Aille

01/01/2005
Kathleen Maher Ní Fhlannacha, Teach Mór

14/01/2005
Nan Nic Dhiarmada, Aille

01/02/2005
Colm Liam Ó Conaire, Cor na Rón

10/02/2005
Meaig Nic An Ultaigh, Baile na hAbhann

19/02/2005
Máire Ruaidí Uí Thuathail, Coill Rua

21/03/2005
Pól Ó Foighil, An Cnoc

02/04/2005
Róisín Uí Dhonnchadha, Teach Mór

18/04/2005
Bríd Uí Chéide, Both Chuanna

24/05/2005
Páraig Ó Coincheanainn, Saile Chuanna

06/06/2005
Cormaic Ó Coisdealbha, Baile na mBrobhach

12/06/2005
Steve Cháit Ó Coisdealbha, Coill Rua

13/07/2005
Máire Uí Chonghaile, An Caisleán

22/07/2005
Máirtín Ó Griofa, Cor na Rón

06/08/2005
Mary Shéamuis Mhóir Ní Fátharta, An Cnoc

20/08/2005
Máirtín Pháraig Pheter Ó Conghaile, Cor na Rón

05/09/2005
Páraig Breathnach, Na Criogáin

11/09/2005
Micheál Ó Scanláin, Baile na hAbhann

Nach óg a d'imigh siad ...

Lile na nGleanntán

Shleamhnaigh tú uainn
Go séimh, socair, ciúin
I gcoimdhubb dhiamhair na hoíche.
Thit caifirín ceo,
Deoir i ndiaidh deoir,
'S dealg dhólásach 'nár gcroíthe.

Is tú an loinnir ar locháin,
Lile na ngleanntán,
An plúirín sneachta le carraig.
An leoithne bhinn,
Lus an chromchinn
Ag fógairt céad bheos an earraigh.

Máthair mhín, mhánla
geanúil agus grách,
Bean chéile chineálta cléibh.
Cara craiceáilte,
Deirfiúr dhiongbhála
'S iníon chomh daingean le préamh.

Crann daire faoi bhláth,
An taoide ag trá,
Na tonnta ag réabadh 's ag rince.
Id' chodladh cois cuain
Beidh tusa chun suain
Anseo linn ar fhód do shinsir.

A Mhargó, a stór,
Shileamar deoir,
Na braonta ó bhonn go baithis.
Ach bíodh tusa ag ceol
Le Naomh Peadar is Pól
Thuas i nGairdín na bhFlaithis.

L.N.F., Samhain '04



Margó Uí Chonghaile

1964- 2004



Pádraic Ó Concheanainn

1948 - 2005

Fear gníomhach agus fear gnó den scoth. Is iomaí rud a raibh sé páirteach ann sa saol gairid a bhí aige – Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Cearta Sibhialta na Gaeltachta, Oireachtas na nGael, Drámaíocht, Riarachán agus Bainistíocht le Comharchumann Chois Fharraige agus ar deireadh thiar mar bhunaitheoir agus mar chnámh droma i gcomhlacht SOCOS Teo.

Agus lena chois sin ar fad ba mhaith uaidh imirt ag an mbord cártaí nuair a fuair sé an deis.

*Beannacht Dé
le hanamacha na marbh ar fad.*